Nuair a bheidh na comhpháirtithe cur chun feidhme á roghnú, déanfaidh an Coimisiún machnamh ar a gcumas cuspóirí Chiste InvestEU a bhaint amach, agus a n-acmhainní féin a chur le chéile, chun iad a spreagadh le hinfheisteoirí príobháideacha, chun cumhdach leordhóthanach geografach agus earnálach a sholáthar agus chun cur le réitigh nua ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna sa mhargadh agus ar chásanna infheistíochta fo-optamacha. I bhfianaise an róil atá aige faoi na Conarthaí, ba cheart go mbeadh sé de chumas ag Grúpa na mBanc Eorpach Infheistíochta bheith ina chomhpháirtí cur chun feidhme faoi phribhléid in urrann an Aontais de bheith aige sna Ballstáit uile agus sa taithí atá ann faoi láthair faoi na hionstraimí airgeadais reatha agus faoi CEIS. Déanfar breithniú ar bhainc nó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh. Ina theannta sin, beidh institiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile i gcoitinne mar chomhpháirtithe cur chun feidhme acu, go háirithe nuair a bhíonn buntáiste comparáideach acu i dtéarmaí saineolas agus taithí ar leith i mBallstáit áirithe. Ba cheart go bhféadfadh eintitis eile a chomhlíonann na critéir atá leagtha síos sa Rialachán Airgeadais gníomhú mar chomhpháirtithe cur chun feidhme leis na heintitis eile sin. Beidh ar a laghad trí Bhallstát i gceist le comhpháirtithe a chur chun feidhme ach féadfaidh siad grúpa a dhéanamh chun na críche sin.

Táthar ag súil go leithdháilfí thart ar 75 % de ráthaíocht AE faoi urrann AE ar chomhpháirtí cur chun feidhme comhpháirtí nó comhpháirtithe cur chun feidhme atá in ann táirgí airgeadais a chur ar fáil sna Ballstáit uile.

Áirítear ann freisin cumhdach mionsonraithe na ráthaíochta ar leibhéal AE de réir an chineáil éagsúil maoinithe is féidir a chur ar fáil faoin ráthaíocht.

Caibidil IV — Rialachas

Beidh bord comhairleach ag Ciste InvestEU in dhá cheann de na cumraíochtaí: (i) ionadaithe na gcomhpháirtithe cur chun feidhme; agus (ii) le hionadaithe ó na Ballstáit. Ar na cúraimí atá air, tá comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le dearadh táirgí airgeadais a bheidh le cur chun feidhme faoi Ciste InvestEU agus comhairle a thabhairt maidir le teipeanna sa mhargadh agus ar chásanna infheistíochta fo-optamacha, chomh maith le faisnéis faoi dhálaí margaidh atá san fhoirmíocht a thugtar do na comhpháirtithe cur chun feidhme. Cuirfidh an Bord Comhairleach na Ballstáit ar an eolas freisin maidir le cur chun feidhme an Chiste InvestEU agus cuirfear deis ann le haghaidh malartú rialta tuairimí maidir le forbairtí sa mhargadh mar aon le dea-chleachtais a roinnt le chéile.

Foireann tionscadail a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe a chuir comhpháirtithe cur chun feidhme ar fáil don Choimisiún, ullmhóidh siad scórchlár maidir le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a d'fhéadfadh a bheith ann don mheasúnú ar an gCoiste Infheistíochta, cibé acu le deonú ráthaíocht AE do na hoibríochtaí seo nó nach ea. Ní mór don Choimisiún a dheimhniú go bhfuil oibríocht maoinithe nó infheistíochta atá beartaithe i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh le go mbeidh togra le cur faoi bhráid na foirne tionscadail.

Go bhformheasfaidh an Coiste Infheistíochta an úsáid a bhaintear as an ráthaíocht ó AE chun oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a dhéanamh. Is saineolaithe seachtracha iad a cuid comhaltaí ag a mbeidh saineolas ó na hearnálacha ábhartha. Tiocfaidh an Coiste le chéile

i gceithre cumraíochtaí éagsúla atá i gcomhréir leis na fuinneoga beartais. Tá sé chomhalta ar an gcumraíocht uile sé chomhalta a bhfuil ceathrar comhaltaí buana acu a ghlacann páirt i ngach cumraíocht. Roghnaítear an dá chomhalta eile chun na réimsí arna gcumhdach ag an bhfuinneog beartais áirithe sin a chur san áireamh go sonrath.

Mol Comhairleach InvestEU

Soláthróidh an Mol Comhairleach anseo tacaíocht chomhairleach chun tionscadail a shainnithint, a ullmhú, a fhorbairt, a struchtúru, a sholáthar agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear forbairt acmhainní bainteacha. Beidh sé ar fáil do thionscnóirí tionscadail poiblí agus príobháideacha, do idirghabhálaithe airgeadais agus d'idirghabhálaithe eile.

Caibidil VI — Tairseach InvestEU

Bunófar Tairseach InvestEU, ag tógáil ar an taithí leis an Tairseach Tionscadail faoin bPlean Infheistíochta don Eoraip. Áireofar ann seiceálacha córasacha ar chomhsheasmhacht na dtionscadal arna bhfáil le dlí agus beartais an Aontais agus oibleagáid ar chomhpháirtithe cur chun feidhme tionscadail a chomhlíonann an tástáil comhsheasmhachta a thagann faoina raon feidhme a mheas. Tá sé d'aidhm aige léargas a thabhairt ar thionscadail a bhfuil infheistíocht iontu san Aontas agus a bhfuil maoiniú á lorg acu. Ní gá an tionscadal a chur suas ar an Tairseach, áfach, chun tairbhe a bhaint as maoiniú ón Aontas Eorpach. Ar an gcaoi chéanna, ní chiallaíonn aighneacht chuig an Tairseach go mbainfidh an tionscadal leas as an ráthaíocht ó AE.

faireachán agus tuairisciú, meastóireacht agus rialú

Tá sé beartaithe an ráthaíocht ó AE a úsáid a thuilleadh trí mheastóireacht eatramhach agus trí mheastóireacht chríochnaitheach i gcomhréir le ceanglais an [Rialachán Airgeadais]. Déantar foráil sa Chaibidil seo freisin maidir le faireachán agus tuairisciú rialta agus san am céanna leagtar síos na táscairí a ndéanfar feidhmíocht a thomhas dá réir in Iarscríbhinn III. Thairis sin, tá forálacha maidir le hiniúcháireacht, agus maidir le cearta OLAF i ndáil le hoibríochtaí maoiniúchain agus infheistíochta i dtríú tíortha, ar áireamh ann freisin.

Ar deireadh leagtar síos leis an gCaibidil seo an nós imeachta le haghaidh na ngníomhartha tarmlichte agus foráiltear maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh.

Caibidil VIII — Trédhearcacht agus infheictheacht

Áirítear na forálacha caighdeánacha chun trédhearcacht agus infheictheacht leordhóthanach a áirithiú.

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Áirítear sa Chaibidil deiridh seo forálacha maidir le hioncaim, aisíocaíochtaí agus gnóthú ó na cláir a chuaigh roimhe sin a úsáid. Tá liosta de na cláir sin, de bhreis ar CEIS, in Iarscríbhinn IV.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an Clár InvestEU

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173 agus an tríú mír d'Airteagal 175 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) B'ionann gníomhaíochtaí infheistíochtaí an bhonneagair san Aontas agus 1.8% d'OTI an Aontais Eorpaigh, a thit ó 2.2% in 2009, agus in 2016 bhí siad thart ar 20% faoi bhun rátaí infheistíochta roimh an ngéarchéim airgeadais dhomhanda. Dá bhrí sin, cé gur féidir téarnamh ar chóimheasa infheistíochta de réir OTI san Aontas a bhreathnú, fanann sé faoi bhun an méid a bhféadfaí a bheith ag súil leis i dtréimhse téarnaimh láidir agus ní leor é chun blianta na tearcinfheistíochta a chúiteamh. Rud atá níos tábhachtaí fós, ní chumhdaítear riachtanais infheistíochtaí struchtúracha an Aontais le leibhéal na hinfheistíochta agus leis na réamhaisnéisí atá ann faoi láthair i gcoinne athrú teicneolaíoch agus iomaíochas domhanda, lena n-áirítear an nuálaíocht, scileanna, bonneagar, fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') agus an gá chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thábhachtacha shochaíocha amhail an inbhuanaitheacht nó aosú an daonra. Dá bharr sin, is gá tacaíocht leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus ar chásanna infheistíochta fo-optamacha chun an bhearna infheistíochta in earnálacha spriocdhírithe a laghdú agus cuspóirí an Aontais a ghnóthú.
- (2) Cuireadh béim sna meastóireachtaí gur mar gheall ar an raon éagsúil d'ionstraimí airgeadais a tugadh isteach sa tréimhse Creata Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 atá roinnt forluí ann. Mar gheall ar an raon éagsúil sin, níor mhór d'idirghabhálaithe agus faighteoirí deiridh déileáil le rialacha casta sna rialacha incháilitheachta agus tuairiscithe difriúla. Mar gheall ar easpa rialacha comhoiriúnacha freisin, cuireadh bac ar mheascán cistí éagsúla de chuid an Aontais cé go rachadh an meascán sin chun tairbhe do thionscadail a bhfuil gá acu le cineálacha difriúla cistiúcháin agus tacú leo. Dá bhrí sin, ba cheart ciste aonair, an Ciste InvestEU a bhunú chun a bheith in ann

¹¹ IO C [...], [...], lch. [...].

¹² IO C [...], [...], lch. [...].

tacaíocht atá ag feidhmiú ar bhonn níos éifeachtúla a thabhairt d'fhaighteoirí deiridh tríd an tairiscint airgeadais a lánpháirtiú agus a shimpliú faoi scéim ráthaíochta bhuiséadach aonair, lena gcuirfear feabhas ar an tionchar a bheidh ag idirghabháil an Aontais agus lena laghdófar an costas a bheidh ar an Aontas san am céanna.

- (3) Sna blianta deireanacha, ghlac an tAontas straitéisí uailmhianacha chun an Margadh Aonair a chur i gcrích agus fás inbhuanaithe agus poist, amhail Aontas na Margaí Caipitil, an Straitéis maidir leis an Margadh Aonair Digiteach, an pacáiste maidir le Fuinneamh Glan do Mhuintir na hEorpa ar fad, Plean Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach, An Straitéis maidir le Soghluaisteacht Íseal-Astaíochtaí, An Straitéis Cosanta agus Spáis don Eoraip. Ba cheart don Chiste InvestEU sineirgíochtaí a shaothrú agus a threisiú idir na straitéisí sin a threisiú a chéile trí thacaíocht don infheistíocht agus rochtain ar an maoiniú a thabhairt.
- (4) Ar leibhéal an Aontais, is é an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch an creat a úsáidtear chun tosaíochtaí náisiúnta athchóiriúcháin a shainnithint agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí sin. Ceapann na Ballstáit a gcuid straitéisí infheistíochta ilbhliantúla náisiúnta féin sa dóigh is go dtacaíonn siad le cur chun feidhme na dtosaíochtaí athchóiriúcháin sin. Ba cheart na straitéisí a chur i láthair in éineacht leis na clár náisiúnta bhliantúla um athchóiriú chun na tionscadail infheistíochta tosaíochta dá dtabharfar tacaíocht le cistiú náisiúnta nó cistiú ón Aontas, nó leis an dá chineál cistithe sin, a achoimriú agus a chomhordú. Ba cheart leas a bhaint astu freisin chun cistiú ón Aontas a úsáid ar dhóigh chomhleanúnach agus chun a oiread tairbhe is féidir a bhaint as breisluach na tacaíochta airgeadais atá le fáil, go háirithe ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, ón Sásra Eorpach um Chobhsú Infheistíochtaí agus ón gCiste InvestEU i gcás gurb ábhartha.
- (5) Ba cheart don Chiste InvestEU a bheith ina chuidiú chun feabhas a chur ar iomaíochas an Aontais, lena n-áirítear i réimse na nuálaíochta agus an digitithe, inbhuanaitheacht fhás eacnamaíoch an Aontais, athléimneacht shóisialta agus cuimsitheacht agus lánpháirtiú mhargaí caipitil an Aontais, lena n-áirítear réitigh a thugann aghaidh ar an ilroinnt agus a dhéanann foinsí maoinithe d'fhiontair san Aontas a éagsúlú. Chun na críche sin, ba cheart dó tacú le tionscadail atá inmharthana ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de trí fhoráil a dhéanamh maidir le creat i ndáil le hionstraimí fiachais, roinnte riosca agus cothromais a úsáid faoina gcuirfear taca le ráthaíocht ó buiséad an Aontais agus le ranníocaíochtaí ó chomhpháirtithe cur chun feidhme. Ba cheart dó a bheith dírithe ar an éileamh agus ba cheart don tacaíocht faoin gCiste InvestEU fócas a dhíriú ar rannchuidiú chun cuspóirí bheartais an Aontais a ghnóthú san am céanna.
- (6) Ba cheart don Chiste InvestEU tacú le hinfheistíochtaí i sócmhainní inlámhsithe agus dolámhsithe chun fás, infheistíocht agus fostaíocht a chothú, agus a bheith ina chuidiú mar sin chun leas feabhsaithe na saoránach agus dáileadh ioncaim níos cothroime san Aontas a chothú. Ba cheart don Chiste InvestEU tacaíocht ón Aontas a sholáthrófar le deontais a chomhlánú nuair a dhéanfaidh sé idirghabháil.
- (7) Leag an tAontas na cuspóirí síos a leagtar amach i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus ina Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus i gComhaontú Pháras in 2015 mar aon le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí 2015-2030. D'fhonn na cuspóirí comhaontaithe a ghnóthú, lena n-áirítear na cuspóirí sin i mbeartais chomhshaoil an Aontais, cuirfear dlús suntasach le gníomhú ar son forbairt

inbhuanaithe. Dá bhrí sin, ba cheart prionsabail na forbartha inbhuanaithe a fheiceáil go soiléir i ndearadh an Chiste InvestEU.

- (8) Ba cheart don Chlár InvestEU a bheith ina chuidiú córas airgeadais inbhuanaithe san Aontas a thógáil a thacóidh le hatreorú an chaipitil phríobháidigh chuig infheistíochtaí inbhuanaithe i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú¹³.
- (9) Ina léargas ar an tábhacht atá le bearta a théann i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme, mar aon le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, beidh cuidiú sa Chlár InvestEU le gníomhaíochtaí aeráide a chur sa phríomhshruth, agus le sprioc de 25 % de bhuiséad iomlán an Aontais a chur i dtreo caiteachas ar chuspóirí aeráide. Le gníomhuithe faoin gClár InvestEU, meastar go gcaithfear 30 % d'imchlúdach airgeadais foriomlán an Chláir InvestEU ar chuspóirí aeráide. Sainnithneofar gníomhuithe ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir InvestEU agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhuithe sin mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha.
- (10) Rianófar ranníocaíocht an Chiste InvestEU chun an sprioc aeráide a bhaint amach le córas rianaithe aeráide de chuid an Aontais arna fhorbairt ag an gCoimisiún i gcomhar le comhpháirtithe cur chun feidhme agus úsáid á baint ar bhealach iomchuí as an gcritéar arna bhunú le [an Rialachán lena mbunaítear creat maidir le hinfeistíocht inbhuanaithe a éascú¹⁴] chun a chinneadh an mbeidh gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.
- (11) De réir Thuarascáil 2018 Rioscaí Domhanda arna heisiúint ag an bhFóram Domhanda Eacnamaíoch, is leis an gcomhshaoil a bhaineann an leathchuid den deich riosca is criticiúla atá ag bagairt an gheilleagair dhomhanda. Áireofar ar na rioscaí sin truailliú aeir, ithreach agus uisce, dálaí na ró-aimsire, caillteanais na bithéagsúlachta agus teipeanna an mhaolaithe ón athrú aeráide agus teipeanna an oiriúnaithe don athrú sin. Is gnéithe lárnacha de na Conarthaí agus dá lán de bheartais an Aontais iad na prionsabail chomhshaoil. Dá bhrí sin, ba cheart príomhshruthú cuspóirí comhshaoil a chur chun cinn in oibríochtaí a bhaineann leis an gCiste InvestEU. Ba cheart cosaint an chomhshaoil agus bearta coiscithe agus bainistithe riosca a bhaineann léi a lánpháirtiú in ullmhú agus i gcur chun feidhme infheistíochtaí. Ba cheart don Aontas Eorpach a chaiteachas a bhaineann le rialú na bithéagsúlachta agus truailliú aeir a rianú freisin chun na hoibleagáidí maidir le tuairisciú a chomhlíonadh faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵. Dá bhrí sin, ba cheart an infheistíocht a leithdháiltear ar chuspóirí inbhuanaitheachta comhshaoil a rianú ag baint úsáid as modhanna comhchoiteanna atá comhleanúnach leis na modhanna sin arna bhforbairt faoi chlár eile de chuid an Aontais a bhaineann le bainistiú aeráide, bithéagsúlachta agus truailliú aeir chun gur féidir an tionchar aonair nó an tionchar comhcheangailte a bheidh ag infheistíochtaí ar phríomh-chomhpháirteanna an chaipitil nádúrtha, lena n-áirítear aer, uisce, talamh agus bithéagsúlacht, a mheasúnú.

¹³ COM(2018) 97 final.

¹⁴ COIM(2018)353.

¹⁵ Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailléan áirithe san aer a laghdú lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

- (12) Ba cheart do thionscadail infheistíochta a fhaigheann tacaíocht shuntasach ón Aontas, go háirithe i réimse an bhonneagair, a bheith faoi réir díonadh ó thaobh na hinbhuanaitheachta de i gcomhréir le treoracha ba cheart don Choimisiún a fhorbairt i gcomhar le comhpháirtithe cur chun feidhme faoin gClár InvestEU agus, úsáid á baint ar bhealach iomchuí as an gcritéar arna bhunú le [an Rialachán lena mbunaítear creat maidir le hinfeistíocht inbhuanaithe a éascú] chun a chinneadh an bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus comhleanúnach leis na treoracha arna bhforbairt le haghaidh cláir eile de chuid an Aontais. Ba cheart forálacha leordhóthanacha a chur san áireamh sna treoracha sin chun ualach riaracháin míchuí a sheachaint.
- (13) Mar gheall ar rátaí ísle infheistíochta an bhonneagair san Aontas le linn na géarchéime airgeadais, baineadh an bonn de chumas an Aontais chun borradh a chur faoin bhfás inbhuanaithe, iomaíochas agus faoin gcóineasú. Tá infheistíochtaí measartha mór sa bhonneagar Eorpach bunriachtanach le spriocanna inbhuanaitheachta an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030. Dá réir sin, ba cheart don tacaíocht ón gCiste InvestEU díriú ar infheistíochtaí in iompar, fuinneamh, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite, gníomhú ar son an chomhshaoil, gníomhú ar son na haeráide, bonneagar muirí agus bonneagar digiteach. Chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as an tionchar a bheidh ag tacaíocht mhaoiniúcháin an Aontais agus as an mbreisluach a bheidh ag an tacaíocht sin, is iomchuí próiseas infheistíochta cuíchóirithe a chur chun cinn chun gur féidir líon na dtionscadal a bheidh ar na bacáin a fheiceáil agus go mbeidh leanúnachas ann idir na cláir ábhartha uile atá ag an Aontas. Agus aird á tabhairt ar bhagairtí slándála, ba cheart do thionscadail infheistíochta a fhaigheann tacaíocht ón Aontas prionsabail maidir le saoránaigh a chosaint i spásanna poiblí a chur san áireamh. Ba cheart dó sin a bheith comhlántach le hiarrachtaí cistí eile de chuid an Aontais amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa lena dtugtar tacaíocht do chomhpháirteanna slándála infheistíochtaí i spásanna poiblí, iompar, fuinneamh agus i mbonneagar criticiúil eile
- (14) Cé go bhfuil leibhéal foriomlán na hinfeistíochta san Aontas ag méadú, ní leor an infheistíocht go fóill i ngníomhaíochtaí ardriosca amhail an taighde agus an nuálaíocht. Mar gheall ar an tearcinfheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht dá bharr sin, tá damáiste á dhéanamh d'iomaíochas tionsclaíoch agus eacnamaíoch an Aontais agus do chaighdeán beatha a chuid saoránach. Ba cheart don Chiste InvestEU na táirgí airgeadais iomchuí a sholáthar chun na céimeanna éagsúla de thimthriall na nuálaíochta agus raon leathan páirtithe leasmhara a chumhdach, go háirithe chun go bhféadfar réitigh a mhéadú agus a chur á n-úsáid ar scála tráchtála san Aontas, chun go mbeidh na réitigh sin iomaíoch ar mhargaí domhanda.
- (15) Tá géarghá le hiarracht shuntasach a dhéanamh chun infheistiú sa chlaochlú digiteach agus an tairbhe a bhainfear as sin a roinnt ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí uile an Aontais. Ba cheart creat beartais láidir na Straitéise maidir le Margadh Aonair Digiteach a mheaitseáil le hinfeistíocht atá chomh huailmhianach céanna, lena n-áirítear an intleacht shaorga.
- (16) Tá ról barrthábhachtach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) san Aontas. Tá dúshlán rompu, áfach, nuair a iarrann siad rochtain ar an maoiniú mar gheall ar an ardriosca a bhraitear leo agus an easpa comhthaobhachta leormhaithe. Tagann dúshlán bhreise as an ngá atá ag FBManna lena bheith iomaíoch trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí digitithe, cuir i gcás, gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe agus gníomhaíochtaí nuálacha agus trí oiliúint bhreise a chur ar a gcuid oibrithe. Ina theannta sin, i gcomparáid le fiontair níos mó, níl rochtain acu ach ar thacar foinsí

maoinithe atá níos teoranta: Go hiondúil, ní eisiónn siad bannaí, níl acu ach rochtain teoranta ar stocmhalartáin nó ar infheisteoirí institiúideacha móra. Is mó an dúshlán atá roimh na FBManna sin a ndíríonn a ngníomhaíochtaí ar shócmhainní doláimhsithe chun rochtain a fháil ar mhaoiniú. Bíonn FBManna san Aontas ag brath cuid mhór ar bhainc agus ar mhaoiniú fiachais i bhfoirm rótharraingtí bainc, iasachtaí bainc nó léasú. Is gá tacú le FBManna a bhfuil na dúshláin sin thuas rompu agus foinsí maoinithe éagsúlaithe a sholáthar chun cur le cumas FBManna a gerthú féin, a bhfás féin agus a bhforbairt féin a mhaoiniú, teacht slán ón gcor chun donais eacnamaíoch, agus an geilleagar agus an córas airgeadais a dhéanamh níos seasmhaí le linn an choir chun donais eacnamaíoch nó suaitheadh. Tá sin comhlántach freisin leis na tionscnaimh a cuireadh i gcrích cheana féin i gcomhthéacs Aontas na Margaí Caipitil. Ba cheart don Chiste InvestEU deis a thabhairt díriú ar tháirgí airgeadais sonracha atá níos spriocdhírthe.

- (17) Mar a leagadh amach sa pháipéar machnaimh maidir le gné shóisialta na hEorpa¹⁶ agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta¹⁷, is príomhthosaíocht de chuid an Aontais é Aontas atá níos cuimsithí agus níos cothroime a thógáil chun dul i ngleic leis an éagothromaíocht agus beartais maidir le cuimsiú sóisialta san Eoraip a chothú. Tá tionchar ag an neamhionannas deiseanna go háirithe ar rochtain ar an oideachas, an oiliúint agus an tsláinte. Má dhéantar infheistíocht sa gheilleagar sóisialta agus sa gheilleagar a bhaineann le scileanna agus caipiteal daonna, mar aon le pobail leochaileacha a lánpháirtiú sa tsochaí, is féidir deiseanna eacnamaíocha a fheabhsú, go háirithe má dhéantar iad a chomhordú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart úsáid a bhaint as an gCiste InvestEU chun tacú le hinfeistíocht san oideachas agus san oiliúint, bheith ina chuidiú cur leis an bhfostaíocht, go háirithe i measc na ndaoine atá gan scileanna agus dífhostaithe go fadtéarmach, agus feabhas a chur ar an dlúthpháirtíocht idir na glúnta, earnáil na sláinte, easpa dídine, ar an gcuimsitheacht dhigiteach, forbairt pobail, ról agus ionad daoine óga sa tsochaí agus daoine leochaileacha freisin, lena n-áirítear náisiúnaigh tríú tíortha. Ba cheart don Chiste InvestEU a bheith ina chuidiú tacú le cultúr agus cruthaitheacht na hEorpa. D'fhonn cur i gcoinne an claochlaithe dhomhain ar na sochaithe san Aontas agus ar mhargadh an lucht saothair sna deich mbliana atá amach romhainn, is gá infheistiú i gcaipiteal daonna, micreamhaoiniú, maoiniú fiontair shóisialta agus samhlacha gnó nua an gheilleagair shóisialta, lena n-áirítear infheistíocht a bhfuil tionchar sóisialta aici agus conarthaí sóisialta de réir torthaí. Ba cheart don Chiste InvestEU éiceachóras margaidh shóisialta nuaghinte a neartú chun méadú a dhéanamh ar sholáthar maoiniúcháin do mhicrifhiontair agus fiontair shóisialta agus rochtain na bhfiontar sin ar mhaoiniúchán, d'fhonn riar ar éileamh na bhfiontar sin is mó a bhfuil gá acu leis. Sa tuarascáil ón Tascfhórsa Ardleibhéil um Infheistiú sa Bhonneagar Sóisialta san Eoraip¹⁸, sainaitníodh bearnaí infheistíochta sa bhonneagar agus sna seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear in oideachas, oiliúint, sláinte agus tithíocht, nach mór tacaíocht a thabhairt dóibh ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart lántairbhe a bhaint as an gcumhacht atá ag an gcaipiteal poiblí, tráchtálach agus daonchairdiúil i dteannta a chéile, mar aon le tacaíocht ó fhondúireachtaí, chun tacú le forbairt slabhra luacha margaidh shóisialta agus Aontas atá níos seasmhaí.

¹⁶ COIM(2017) 206.

¹⁷ COIM(2017) 250.

¹⁸ Arna fhoilsiú mar **Plépháipéar 074 maidir le Geilleagar an Aontais** in Eanáir 2018.

- (18) Ba cheart don Chiste InvestEU feidhmiú faoi cheithre ghné bheartais, lena léirítear príomhthosaíochtaí bheartais an Aontais, mar atá an bonneagar inbhuanaithe; taighde, nuálaíocht agus digitiú: FBManna; agus infheistíocht shóisialta agus scileanna.
- (19) Ba cheart dhá urrann a bheith ann do gach ionú beartais, is é sin le rá urrann le haghaidh an Aontais agus urrann le haghaidh an Bhallstáit. Ba cheart don urrann le haghaidh an Aontais aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha, ar dhóigh chomhréireach; ba cheart breisluach Eorpach soiléir a bheith ag na gníomhuithe dar tugadh tacaíocht. Ba cheart don urrann le haghaidh an Bhallstáit an deis a thabhairt do na Ballstáit sciar dá n-acmhainní cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte a ranníoc chun ciste ráthaíochta an Aontais Eorpaigh a sholáthar agus ráthaíocht an Aontais Eorpaigh a úsáid le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta d'fhonn aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh sonracha nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha ina gcíoch féin, lena n-áirítear i gceantair leochaileacha agus iargúlta amhail na réigiúin is forimeallaí den Aontas, chun cuspóirí an Chiste a ghnóthú faoi bhainistíocht chomhroinnte. De thoradh gníomhuithe dá dtugtar tacaíocht ón gCiste InvestEU tríd an urrann le haghaidh an Aontais nó urrann le haghaidh an Bhallstáit, níor cheart maoiniú príobháideach a dhúbailt ná a phlódú ná níor cheart an iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach.
- (20) Ba cheart don urrann le haghaidh an Bhallstáit a bheith saincheaptha chun go bhféadfaí cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte a úsáid chun ráthaíocht arna heisiúint ag an Aontas a sholáthar. Is é is aidhm atá leis an meascán cistí sin rátáil ard chreidmheasa an Aontais a fhorscaoileadh chun infheistíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a chur chun cinn agus bainistiú riosca comhsheasmhach ar na dliteanais theagmhasacha a áirithiú san am céanna tríd an ráthaíocht a thug an Coimisiún faoi bhainistíocht chomhroinnte a chur chun feidhme. Ba cheart don Aontas oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta dá bhforáiltear leis na comhaontuithe ráthaíochta a tugadh i gcíoch idir an Coimisiún agus comhpháirtithe cur chun feidhme faoin urrann le haghaidh an Bhallstáit a ráthú, ba cheart do na Cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte soláthar na ráthaíochta a chur ar fáil, tar éis ráta soláthair arna chinneadh ag an gCoimisiún atá bunaithe ar chineál na n-oibríochtaí agus ar na cailteanais a mheastar a thiocfaidh astu, agus d'iompródh an Ballstát cailteanais os cionn na gcaillteanas measta trí ráthaíocht chomhuaineach a eisiúint i bhfabhar an Aontais. Ba cheart na socrúithe sin a thabhairt i gcíoch faoi réir comhaontú ranníocaíochta aonair le gach Ballstát a dhéanfaidh an rogha sin go deonach. Ba cheart aon chomhaontú ráthaíochta sonracha amháin nó níos mó ná sin a chuirfear chun feidhme laistigh den Bhallstát lena mbaineann a bheith sa chomhaontú ranníocaíochta. D'fhonn an ráta soláthair a leagan amach ar bhonn cás ar chás, is ga maolú ó [Airteagal 211(1)] de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. XXXX¹⁹ (an 'Rialachán Airgeadais'). Foráiltear leis an dearadh sin tacar aonair rialacha do ráthaíochtaí buiséadacha dá dtugtar tacaíocht ó chistí atá á mbainistiú go lárnach nó ó chistí faoi bhainistíocht chomhroinnte a d'éascódh iad a chomhcheangal.
- (21) Ba cheart an ciste InvestEU a bheith oscailte do ranníocaíochtaí ó thríú tíortha ar baill iad de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, tíortha aontacha, iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, tíortha a chuimsítear faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa agus tíortha eile, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos idir an tAontas agus na tíortha sin. Leis sin, ba cheart go bhféadfaí leanúint den chomhar leis na tíortha

19

ábhartha, i gcás inarb iomchuí, go háirithe i réimsí an taighde agus na nuálaíochta, FBManna san áireamh.

- (22) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais do bhearta eile den chlár InvestEU le hais ráthaíocht de chuid an Aontais a sholáthar, arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí [*tagairt le nuashonrú de réir mar is iomchuí de réir an chomhaontaithe nua idirinstiúidigh*: pointe 17 de Chomhaontú Idirinstiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhóna airgeadais²⁰], do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.
- (23) Le ráthaíocht ón Aontas Eorpach de EUR 38 000 000 000 (i bpraghsanna reatha) ar leibhéal an Aontais, meastar go bhforscaoilfear breis agus EUR 650 000 000 000 d'infheistíocht bhreise ar fud an Aontais agus ba cheart é sin a leithdháileadh go táscach ar gach ionú beartais.
- (24) Maidir le ráthaíocht an Aontais lena gcuirtear bonn taca faoin gciste InvestEU, ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún an ráthaíocht sin chun feidhme ar bhealach indíreach trí dhul i muinín comhpháirtithe cur chun feidhme a bhfuil for-rochtain acu ar fhaighteoírí deiridh. Ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún i gcrích le gach comhpháirtí cur chun feidhme comhaontú ráthaíochta lena ndéanfaí acmhainneacht ráthaíochta ón gciste InvestEU a leithdháileadh, chun tacú lena oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta cuspóirí agus critéir incháilitheachta an chiste InvestEU a bhaint amach. Chun úsáid iomchuí ráthaíocht an Aontais a áirithiú, ba cheart struchtúr rialachais ar leith a sholáthar don chiste InvestEU.
- (25) Ba cheart bord comhairleach a chur ar bun ar a mbeadh ionadaithe na gcomhpháirtithe cur chun feidhme agus ionadaithe na mBallstát chun faisnéis a mhalartú agus le haghaidh malartuithe i dtaca leis an úsáid a bhaintear as táirgí airgeadais a chuirtear á n-úsáid faoin gciste InvestEU agus chun plé a dhéanamh ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus táirgí nua, lena n-áirítear bearnaí ar leith sa mhargadh i gcás críocho áirithe.
- (26) Na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta arna dtíolacadh ag na comhpháirtithe cur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a gcomhoiriúnacht le dlí agus beartais an Aontais ach, san am céanna, ba cheart sa deireadh na cinntí i dtaca le hoibríochtaí infheistíochta agus maoinithe a fhágáil faoin gcomhpháirtí cur chun feidhme.
- (27) Ba cheart d'fhoireann tionscadail de shaineolaithe arna gcur ar fáil don Choimisiún ag na comhpháirtithe cur chun feidhme chun saineolas gairmiúil a sholáthar i dtaobh mheasúnú airgeadais agus teicniúil na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta atá beartaithe, ba cheart don fhoireann tionscadail sin marc a thabhairt ar na hoibríochtaí arna dtíolacadh ag na comhpháirtithe cur chun feidhme ar a ndéanfaidh an coiste infheistíochta measúnú.
- (28) Oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chomhlíonfaidh na critéir incháilitheachta, ba cheart do choiste infheistíochta de shaineolaithe neamhspleácha cinneadh a dhéanamh maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh ó ráthaíocht an Aontais agus, ar an dóigh sin, saineolas seachtrach ar mheasúnuithe infheistíochta a sholáthar i

²⁰ Tagairtí le nuashonrú: IO L 373, 20.12.2013, lch. 1. Tá an comhaontú le fáil ag: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=uriserv:OJ.C_2013.373.01.0001.01.ENG&toc=OJ:C:2013:373:TOC

dtaca le tionscadail. Ba cheart foirmíochtaí éagsúla a bheith ag an gcoiste infheistíochta chun na réimsí agus na hearnálacha difriúla a chumhdach ar an dóigh is fearr.

- (29) Chun comhpháirtithe cur chun feidhme a roghnú chun an ciste InvestEU a chur á úsáid, ba cheart don Choimisiún a mheas an bhfuil an cumas ag an gcontrapháirtí cuspóirí an chiste InvestEU a chomhlíonadh agus a acmhainní féin a chur ar fáil chun cumhdach geografach leordhóthanach agus éagsúlú leordhóthanach a áirithiú, chun infheisteoirí príobháideacha a phlódú isteach agus éagsúlú riosca leordhóthanach chomh maith le réitigh nua a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus cásanna infheistíochta fo-optamacha. I ngeall ar an ról atá ag Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (Grúpa BEI) faoi na Conarthaí, a chumas oibriú sna Ballstáit uile agus an taithí a fuarthas faoi na hionstraimí airgeadais reatha agus faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS), ba cheart go leanfadh Grúpa BEI de bheith ina chomhpháirtí cur chun feidhme den chéad tábhacht faoi urrann AE de chuid an chiste InvestEU. Sa bhreis ar Ghrúpa BEI, ba cheart é a bheith ar a gcumas ag bainc nó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagtha raon táirgí airgeadais comhlántacha a sholáthar ar an ábhar go bhféadfadh an taithí agus na hinniúlachtaí atá acu ar an leibhéal réigiúnach a bheith ina gcuidiú chun tionchar na gcistí poiblí ar chríoch an Aontais a mhéadú a oiread is féidir. Ina theannta sin, ba cheart go bhféadfaí institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile a áireamh mar chomhpháirtithe cur chun feidhme, go háirithe nuair a bheadh dá mbarr buntáiste comparáideach ann ó thaobh saineolas agus taithí ar leith i mBallstáit áirithe. Chomh maith leis sin, ba cheart an deis a bheith ag eintitis eile a chomhlíonann na critéir a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais gníomhú mar chomhpháirtithe cur chun feidhme.
- (30) Chun a áirithiú go ndíreofar le hidirghabhálacha faoi urrann AE de chuid an chiste InvestEU ar theipeanna margaidh agus cásanna infheistíochta fo-optamacha ar leibhéal an Aontais ach, san am céanna, go mbainfear amach na cuspóirí for-rochtana geografáil is fearr is féidir, ba cheart ráthaíocht an Aontais a leithdháileadh ar chomhpháirtithe cur chun feidhme a fhéadfaidh, ina n-aonar nó i bpáirt le comhpháirtithe cur chun feidhme eile, trí Bhallstát ar a laghad a chumhdach. Mar sin féin, meastar go ndéanfaí thart ar 75 % de ráthaíocht an Aontais faoi urrann AE a leithdháileadh ar chomhpháirtí nó ar chomhpháirtithe cur chun feidhme a fhéadfaidh táirgí airgeadais faoin gclár InvestEU a thairiscint i ngach Ballstát.
- (31) Ba cheart ráthaíocht an Aontais faoi urrann an Bhallstáit a leithdháileadh ar aon chomhpháirtí cur chun feidhme incháilithe de réir [Airteagal 62(1)(c)] den [Rialachán Airgeadais], lena n-áirítear bainc nó institiúidí réigiúnacha le haghaidh spreagtha, an Banc Eorpach Infheistíochta, an Ciste Eorpach Infheistíochta agus bainc forbartha iltaobhacha eile. Nuair a bheidh comhpháirtithe cur chun feidhme faoi urrann an Bhallstáit á roghnú ag an gCoimisiún, ba cheart dó na tograí ó gach Ballstát a chur san áireamh. I gcomhréir le [hAirteagal 154] den [Rialachán Airgeadais], ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar rialacha agus nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme chun a dheimhniú go soláthraíonn siad leibhéal cosanta do leas airgeadais an Aontais atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta arna chur ar fáil ag an gCoimisiún.
- (32) Ba cheart, sa deireadh, do chomhpháirtí cur chun feidhme oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a shocrú ag gníomhú dó ina ainm féin, a chur chun feidhme i gcomhréir lena rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha agus a bhfuil cuntas orthu ina ráitis airgeadais féin. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún amháin cuntas a thabhairt ar aon dlíteanas airgeadais a thagann as ráthaíocht an Aontais agus an méid

uasta ráthaíochta a nochtadh, lena n-áirítear an fhaisnéis uile ábhartha a bhaineann leis an ráthaíocht arna soláthar.

- (33) Leis an gciste InvestEU, ba cheart a bheith in ann, i gcás inarb iomchuí, deontais nó ionstraimí airgeadais, nó iad araon, arna gcistiú as buiséad an Aontais nó as an gciste nuálaíochta de chuid scéim trádála astaíochtaí an Aontais a mheascadh ar bhealach éasca éifeachtúil leis an ráthaíocht sin i gcásanna inar gá sin chun an bonn taca is fearr a chur faoi infheistíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus cásanna infheistíochta fo-optamacha ar leith.
- (34) Go ginearálta, tionscadail arna dtíolacadh ag comhpháirtithe cur chun feidhme le haghaidh tacaíochta faoin gclár InvestEU, ar tionscadail iad a áiríonn meascadh le tacaíocht ó chlár eile de chuid an Aontais, ba cheart freisin na tionscadail sin a bheith comhsheasmhach le cuspóirí agus critéir incháilitheachta atá sna rialacha i gclár ábhartha an Aontais. Ba cheart an úsáid a bhaintear as ráthaíocht an Aontais a shocrú faoi réir rialacha an chlár InvestEU.
- (35) Le mol comhairleach an chlár InvestEU, ba cheart bonn taca a chur faoi líon stóinseach tionscadal infheistíochta i ngach ionú beartais. Ina theannta sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le gné thrasearnála faoin gclár InvestEU chun pointe iontrála aonair agus cúnaimh trasbheartais d'fhorbairt tionscadail a áirithiú do chlár de chuid an Aontais a bhainistítear go lárnach.
- (36) Chun for-rochtain gheografach leathan ar sheirbhísí comhairleacha ar fud an Aontais a áirithiú agus chun eolas áitiúil faoin gciste InvestEU a ghíaráil go rathúil, ba cheart láithreach áitiúil mhol comhairleach an chlár InvestEU a áirithiú, i gcás inar gá sin, agus scéimeanna tacaíochta atá ann cheana á gcur i gcuntas, d'fhonn cúnaimh atá inlámhsithe, réamhghníomhach agus saincheaptha a sholáthar ar an láthair.
- (37) Ó thaobh an chiste InvestEU de, tá gá le tacaíocht fothaithe acmhainneachta chun cumas eagraíochtúil agus gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh a fhorbairt, ar nithe iad atá ag teastáil chun tionscadail ardcháilíochta a thionscnamh. Anuas air sin, is é an aidhm atá ann na dálaí a chruthú chun go dtiocfaidh méadú ar líon na bhfaighteoirí incháilithe a d'fhéadfadh a bheith ann i ndeighleoga nuaghinte margaidh, go háirithe i gcás ina dtiocfaidh ardú mór ar chostas an idirbhirt ar leibhéal an tionscadail, de thoradh a lú is atá méid na dtionscadal aonair, faoi mar atá i gcás an éiceachórais maoinithe shóisialta. Ba cheart, mar sin, an tacaíocht fothaithe acmhainneachta a bheith comhlántach agus sa bhreis ar ghníomhaíochtaí a dhéantar faoi chlár eile de chuid an Aontais a chumhdaíonn réimse beartais ar leith.
- (38) Ba cheart an tairseach InvestEU a chur ar bun chun bunachar sonraí tionscadail a bhfuil rochtain éasca air agus atá éasca a úsáid lenar féidir infheictheacht tionscadal infheistíochtaí a bhfuil maoiniú ag teastáil uathu a chur chun cinn, agus béim bhreise á leagan ar líon tionscadal infheistíochta a d'fhéadfadh a bheith ann agus atá i gcomhréir le dlí agus beartais an Aontais a sholáthar do chomhpháirtithe cur chun feidhme.
- (39) De bhun mhír 22 agus mhír 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr²¹, is gá meastóireacht a dhéanamh ar an gclár InvestEU ar bhonn faisnéis arna bailiú trí cheanglais faireacháin ar leith agus, san am céanna, ró-rialáil agus ualaí riaracháin ar na Ballstáit go háirithe a sheachaint. Ar na

²¹ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

ceanglais sin, is féidir a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an chláir InvestEU ar an láthair.

- (40) Ba cheart creat stóinseach faireacháin, bunaithe ar tháscairí aischair, táscairí toraidh agus táscairí tionchair, a chur chun feidhme chun an dul chun cinn i dtreo chuspóirí an Aontais a rianú. Chun cuntasacht do shaoránaigh Eorpacha a áirithiú, ba cheart don Choimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i dtaca le dul chun cinn, tionchar agus oibríochtaí an chiste InvestEU.
- (41) Beidh feidhm ag rialacha cothrománacha airgeadais arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin sa Rialachán Airgeadais agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna, cur chun feidhme indéireach, agus déantar foráil leo maidir le seiceálacha i dtaobh freagracht gníomhaithe airgeadais. Ina theannta sin, baineann na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE le cosaint buiséad an Aontais ar easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit, óir réamhchoinníoll bunriachtanach le haghaidh na bainistíochta fóna airgeadais agus maoiniú éifeachtach AE is ea urramú an smachta reachta.
- (42) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. [an Rialachán Airgeadais nua] maidir leis an gelár InvestEU. Leagtar síos leis rialacha maidir le cur chun feidhme buiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le ráthaíochtaí buiséadacha.
- (43) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²², Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle²³, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle²⁴ agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle²⁵, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon gníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE)

²² Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

²³ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch.1).

²⁴ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.96, lch. 2).

²⁵ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéseacha.

- (44) Féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith páirteach i gclár de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gcomhaontú leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ina ndéantar foráil maidir le cur chun feidhme na gclár le cinneadh faoin gcomhaontú sin. Féadfaidh tríú tíortha a bheith páirteach ar bhonn ionstraimí dlí eile freisin. Ba cheart foráil ar leith a thabhairt isteach leis an Rialachán seo chun na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin freagrach, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú ar dhóigh chuimsitheach.
- (45) De bhun [*tagairt le nuashonrú de réir cinneadh nua maidir le tíortha agus críocha thar lear: Airteagal 88 de Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle*], tá daoine agus eintitis atá lonnaithe i dtíortha agus críocha thar lear incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus chuspóirí an chlár InvestEU agus faoi réir aon socrú féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.
- (46) Chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlíonadh le treoirlínte infheistíochta ar cheart oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chomhlíonadh, chun a éascú go gcuirfí táscairí feidhmíochta in oiriúint go pras agus go solúbtha agus chun an ráta soláthair a choigeartú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na treoirlínte infheistíochta a tharraingt suas le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoi gach ionú beartais difriúil, Iarscríbhinn III den Rialachán seo a leasú chun na táscairí agus coigeartú an ráta soláthair a athbhreithniú nó a chomhlánú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú gníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile san am céanna le saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú gníomhartha tarmligthe.
- (47) Leis an gciste InvestEU, ba cheart aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus cásanna infheistíochta fo-optamacha ar fud an Aontais Eorpaigh agus, i gcás teipeanna margaidh nua nó casta, tástáil margaidh uile-Aontais a sholáthar le haghaidh táirgí airgeadais nuálacha, agus córais chun iad a scaipeadh. Dá bhrí sin, is gá gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais,

²⁶ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo bunaítear Ciste InvestEU lena bhforáiltear maidir le ráthaíocht an Aontais le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a dhéanann na comhpháirtithe cur chun feidhme mar thacaíocht le beartais inmheánacha an Aontais.

Bunaítear leis an Rialachán seo freisin sásra tacaíochta comhairlí chun tacú le tionscadail inar féidir infheistíocht a dhéanamh agus chun tacú le rochtain ar mhaoiniú agus chun fothú acmhainneachta a chur ar fáil ('Mol Comhairleach InvestEU'). Bunaítear leis freisin bunachar sonraí lena dtugtar infheictheacht do thionscadail a mbíonn tionscnóirí ag lorg maoiniú ina leith agus lena gcuirtear faisnéis ar fáil d'infheisteoirí faoi dheiseanna infheistíochta ('Tairseach InvestEU').

Leagtar síos leis cuspóirí Chlár InvestEU, an buiséad agus méid ráthaíocht an Aontais don tréimhse 2021-2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'oibríochtaí measctha' gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena gcomhcheanglaítear foirmeacha tacaíochta neamh-iníochta nó foirmeacha iníochta nó an dá rud ó bhuiséad an Aontais agus foirmeacha iníochta tacaíochta ó institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile, agus ó institiúidí airgeadais tráchtála agus infheisteoirí. chun críocha an tsainmhínte seo, féadtar cláir de chuid an Aontais a mhaoiniú ó fhoinsí eile cé is moite de bhuiséad an Aontais, amhail Ciste Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí don Nuálaíocht, bheith ina gcuid de chlár an Aontais a fhaigheann maoiniú ó bhuiséad an Aontais.
- (2) ciallaíonn 'ráthaíocht AE' ráthaíocht fhoriomlán a chuirtear ar fáil le buiséad an Aontais faoina ngabhann éifeacht leis na ráthaíochtaí buiséadacha i gcomhréir le hAirteagal 219(1) den [Rialachán Airgeadais] trí bhíthin comhaontuithe ráthaíochta aonair le comhpháirtithe cur chun feidhme a shíniú.
- (3) ciallaíonn 'táirge airgeadais' sásra nó socrú airgeadais a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an comhpháirtí cur chun feidhme ar faoina théarmaí a gcuireann an comhpháirtí cur chun feidhme maoiniú díreach nó idirmheánaithe ar fáil d'fhaighteoirí deiridh in aon cheann de na foirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 13;

- (4) ciallaíonn 'oibríochtaí maoiniúcháin agus/nó infheistíochta' oibríochtaí lena gcuirtear maoiniú ar fáil go díreach nó go hindíreach d'fhaighteoírí deiridh i bhfoirm táirgí airgeadais, oibríochtaí a dhéanann comhpháirtí cur chun feidhme ag gníomhú dó ina ainm féin, a chuireann sé ar fáil i gcomhréir lena rialacha inmheánacha agus a bhfuil cuntas air ina ráitis airgeadais féin;
- (5) ciallaíonn 'cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte' cistí faoina bhféadfaí cuid díobh a leithdháileadh ar sholáthar ráthaíochta buiséadaí faoi urrann na mBallstát de Chiste InvestEU, is é sin le rá Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT);
- (6) ciallaíonn 'comhaontú ráthaíochta' an ionstraim dlí trína sonraíonn an Coimisiún agus comhpháirtí cur chun feidhme na coinníollacha maidir le hoibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta a ndeonófar tairbhe ráthaíocht AE dóibh, maidir leis an ráthaíocht bhuiséadach a chur ar fáil do na hoibríochtaí sin agus iad a chur chun feidhme i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo.
- (7) ciallaíonn 'comhpháirtí cur chun feidhme' an comhpháirtí incháilithe amhail institiúid airgeadais nó idirghabhálaí eile lena síníonn an Coimisiún conradh ráthaíochta agus/nó conradh chun Mol Comhairleach InvestEU a chur chun feidhme.
- (8) ciallaíonn 'Mol Comhairleach InvestEU' an cúnaimh teicniúil a shainmhínítear in Airteagal 20;
- (9) ciallaíonn 'Tairseach Chomhairleach InvestEU' an bunachar sonraí a shainmhínítear in Airteagal 21;
- (10) ciallaíonn 'Clár InvestEU' Clár Infheistíochta InvestEU, Mol Comhairleach InvestEU agus Tairseach InvestEU agus oibríochtaí measctha, i dteannta a chéile;
- (11) ciallaíonn 'micremhaoiniúchán' micremhaoiniúchán mar a shainmhínítear i Rialachán [[CSE+]uimhir];
- (12) ciallaíonn 'cuideachtaí lárchaipitlithe' eintitis nach FBManna agus nach cuideachtaí lárchaipitlithe beaga iad ina bhfuil suas le 3,000 fostaí fostaíthe;
- (13) ciallaíonn 'bainc nó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagtha' eintitis dhlíthiúla a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais ar bhonn gairmiúil a dtugann Ballstát nó eintiteas Ballstáit sainordú ina leith, ar leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil, chun dul i mbun gníomhaíochtaí forbartha nó spreagtha;
- (14) ciallaíonn 'fiontair bheaga agus mheánmhéide' (FBManna) micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún²⁷;
- (15) ciallaíonn 'cuideachtaí lárchaipitlithe beaga' eintitis nach FBManna iad ina bhfuil suas le 499 fostaí fostaíthe;
- (16) ciallaíonn 'fiontar sóisialta' fiontar sóisialta mar a shainmhínítear i Rialachán [[CES+] uimhir];
- (17) ciallaíonn 'tríú tír' tír nach bhfuil ina ball den Aontas;

²⁷ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

Airteagal 3

Cuspóirí Chlár InvestEU

1. Is é cuspóir ginearálta Chlár InvestEU tacú le cuspóirí beartais an Aontais trí bhíthin oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta lena gcuirtear le:
 - (a) iomaíochas an Aontais, lena n-áirítear an nuálaíocht agus an digitiú;
 - (b) inbhuanaitheacht agus fás gheilleagar an Aontais;
 - (c) athléimneacht agus cuimsitheacht an Aontais;
 - (d) comhtháthú mhargaí caipitil an Aontais agus neartú an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear réitigh chun dul i ngleic le hilroinnt mhargaí caipitil an Aontais, foinsí maoinithe d'fhiontair san Aontas a éagsúlú agus maoiniú inbhuanaithe a chur chun cinn.
2. Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag Clár InvestEU:
 - (a) tacú le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta i mbonneagar inbhuanaithe sna réimsí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 7(1);
 - (b) tacú le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta sa taighde, sa nuálaíocht agus sa digitiú;
 - (c) an rochtain agus an fháil ar mhaoiniú a mhéadú do FBManna agus, i gcásanna a bhfuil údar cuí tugtha leo, do chuideachtaí beaga lárchaipitlithe;
 - (d) an rochtain agus an fháil ar mhicreamhaoiniú agus ar mhaoiniú a mhéadú d'fhiontair shóisialta, lena dtacaítear le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a bhaineann leis an infheistíocht agus scileanna sóisialta agus lena ndéantar forbairt agus comhdhlúthú ar mhargaí infheistíochta sóisialta, sna réimsí dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 7(1).

Airteagal 4

Buiséad agus méid ráthaíocht AE

1. Is é EUR 38 000 000 000 i bpragsanna reatha a bheidh i ráthaíocht an Aontais chun críocha urrann an Aontais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 8(1). Déanfar soláthar dó ar an ráta 40 %.

Féadfar méid breise de ráthaíocht AE a sholáthar chun críocha urrann an Bhallstáit dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 8(1), faoi réir leithdháileadh na méideanna comhfhreagracha ó na Ballstáit, de bhun [Airteagal 10(1)] de Rialachán [[Rialachán na bhForálacha Coiteanna] *uimhir*]²⁸ agus Airteagal [75(1)] de Rialachán [[plean CBT] *uimhir*]²⁹.

28

29

Déanfaidh na ranníocaíochtaí ó thríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 5 ráthaíocht an Aontais dá dtagraítear sa chéad fhomhír a mhéadú freisin, trí sholáthar in airgead tirim a chur ar fáil i gcomhréir le [hAirteagal 218(2)] den [Rialachán Airgeadais].

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn I den Rialachán seo dáileadh táscach an méid dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1. Féadfaidh an Coimisiún na méideanna dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, i gcás inarb iomchuí, a mhodhnú le suas le 15 % i dtaca le gach cuspóir. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na modhnuithe sin.
3. Is é EUR 525 000 000 i bpragsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCaibidil V agus Caibidil VI.
4. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 3 a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun Clár InvestEU a chur chun feidhme, cuir i gcás gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúcháireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorpóraideacha.

Airteagal 5

Tríú tíortha atá comhlachaithe le Ciste InvestEU

Féadfaidh urrann an Aontais de Chiste InvestEU dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 8(1) agus gach ceann de na hionuithe beartais dá dtagraítear in Airteagal 7(1) ranníocaíochtaí a fháil ó na tríú tíortha seo a leanas chun bheith rannpháirteach i dtáirgí airgeadais áirithe de bhun [Airteagal 218(2)] den [Rialachán Airgeadais]:

- (a) Comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir le LEE;
- (b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gclár de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais lena mbaineann, nó i gcomhaontuithe eile den chineál céanna, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos sna comhaontuithe idir iad agus an tAontas;
- (c) tíortha a chuimsítear faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gclár de chuid an Aontais a bhunaítear leis na comhaontuithe réime agus na cinntí ó Chomhairlí Comhlachais lena mbaineann, nó i gcomhaontuithe eile den chineál céanna, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos sna comhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;
- (d) tríú tíortha eile, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú sonracha lena gcumhdaítear rannpháirtíocht an tríú tír in aon chlár de chuid an Aontais, ar choinníoll
 - (i) go n-áirítear leis an gcomhaontú cothromaíocht chóir idir ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach sna cláir de chuid an Aontais;

- (ii) go leagtar síos leis an gcomhaontú coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sna cláir, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí le cláir aonair agus a gcostais riaracháin. Ioncam sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den [Rialachán Airgeadais] a bheidh sna ranníocaíochtaí sin;
- (iii) nach dtugtar leis an gcomhaontú cumhacht cinnteoireachta don tríú tír maidir leis an glár;
- (iv) go ráthaítear leis an gcomhaontú cearta an Aontais chun bainistíocht fhóna airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint.

Airteagal 6

Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas

1. Cuirfear ráthaíocht an Aontais chun feidhme trí bhíthin bainistíocht indíreach le comhlachtaí dá dtagraítear in [Airteagal 62(1)(c)(ii) go (vii)] den [Rialachán Airgeadais]. Déanfar cineálacha eile de chistiú ón Aontas faoin Rialachán a chur chun feidhme trí bhíthin bhainistíocht dhíreach nó indíreach i gcomhréir leis an [Rialachán Airgeadais], lena n-áirítear deontais i gcomhréir le [Teideal VIII] ann.
2. Oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear le ráthaíocht an Aontais ar cuid den oibríocht mheasctha iad lena gcomhcheanglaítear tacaíocht faoin Rialachán seo le tacaíocht a chuirtear ar fáil faoi cheann amháin nó níos mó de chlár an Aontais nó le Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí:
 - (a) beidh siad comhsheasmhach leis na cuspóirí beartais agus comhlíonfaidh siad na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa rial i glár an Aontais faoina ndéantar cinneadh maidir leis an tacaíocht;
 - (b) déanfaidh siad an Rialachán seo a chomhlíonadh.
3. Comhlíonfaidh oibríochtaí measctha lena n-áirítear sásra airgeadais atá maoinithe go hiomlán le cláir an Aontais nó le Ciste Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí don Nuálaíocht gan úsáid a bhaint as ráthaíocht an Aontais faoin Rialachán seo, comhlíonfaidh na hoibríochtaí sin cuspóirí beartais agus critéir incháilitheachta a leagtar i rialacha chlár an Aontais faoina gcuirtear an tacaíocht ar fáil.
4. I gcomhréir le hAirteagal 6(2), déanfar na foirmeacha tacaíochta neamh-iníoctha agus/nó na hionstraimí airgeadais ó bhuiséad an Aontais ar cuid den oibríocht measctha iad dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3 a chinneadh faoi rialacha an chlár ábhartha de chuid an Aontais agus déanfar iad a chur chun feidhme faoin oibríocht measctha i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le [Teideal X] den [Rialachán Airgeadais].

Áireofar sa tuarascáil freisin na heilimintí maidir leis an gcomhsheasmhacht leis na cuspóirí beartais agus na critéir incháilitheachta a leagtar amach i rialacha an chlár de chuid an Aontais faoin ndéantar cinneadh maidir le tacaíocht agus maidir le comhlíonadh an Rialacháin seo.

CAIBIDIL II

Ciste InvestEU

Airteagal 7

Ionuithe beartais

1. Oibreoidh Ciste InvestEU trí bhíthin na gceithre ionú beartais seo a leanas lena rachfar i ngleic le teipeanna margaidh nó le haon chás infheistíochta fo-optamach faoina raon feidhme sonrath:
 - (a) ionú beartais bonneagair inbhuanaithe: lena gcuimsítear infheistíocht inbhuanaithe i réimsí amhail an t-iompar, fuinneamh, an nascacht dhigiteach, soláthar agus próiseáil amhábhhar, an spás , na haigéin agus uisce, dramhaíl, an dúlra agus bonneagair chomhshaoil eile, trealamh, sócmhainní soghluaiste agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nuálacha a chuireann le cuspóirí inbhuanaitheachta nó sóisialta an Aontais, nó an dá rud, nó a chomhlíonann caighdeáin inbhuanaitheachta comhshaoil nó shóisialta an Aontais;
 - (b) ionú beartais an taighde, na nuálaíochta agus an digitithe: lena gcuimsítear gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, torthaí taighde a aistriú go dtí an margadh, réitigh nuálacha a thaispeáint agus a chur i bhfeidhm agus tacaíocht chun cuideachtaí nuálacha cé is moite de FBManna a mhéadú mar aon le tionsclaíocht an Aontais a dhigitiú;
 - (c) ionú beartais do FBManna: an rochtain agus an fháil ar mhaoiniú do FBManna agus, i gcásanna a bhfuil údar cuí tugtha leo, do chuideachtaí beaga lárchaipitlithe;
 - (d) ionú beartais maidir leis an infheistíocht shóisialta agus le scileanna sóisialta: lena gcuimsítear micreamhaoiniú, maoiniú frontair shóisialta agus an geilleagar sóisialta; scileanna, oideachas, oiliúint agus seirbhísí gaolmhara; bonneagar sóisialta (lena n-áirítear tithíocht shóisialta agus tithíocht do mhic léinn); nuálaíocht shóisialta cúram sláinte agus cúram fadtéarmach; cuimsiú agus inrochtaineacht; gníomhaíochtaí cultúrtha a bhfuil aidhm shóisialta ag baint leo; daoine leochaileacha a lánpháirtiú, lena n-áirítear náisiúnaigh ó thríú tír.
2. I gcás ina dtagann oibríocht maoiniúcháin nó infheistíochta a thairgtear chuig an gCoiste Infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 19, ina dtagann an oibríocht sin faoi níos mó ná ionú beartais amháin, déanfar é a shannadh don ionú faoina dtagann a phríomhchuspóir nó príomhchuspóir fhormhór a fhothionscadal, mura sainítear a mhalairt leis na treoirlínte infheistíochta.
3. Ba cheart oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoin ionú beartais bonneagair inbhuanaithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'fhomhír (1) a bheith faoi réir díonadh inbhuanaitheachta aeráide, comhshaoil agus sóisialta d'fhonn tionchair dhíobhálacha ar an aeráid, an comhshaoil agus sa réimse sóisialta a íoslaghdú agus na tairbhí a uasmhéadú. Chun na críche sin, cuirfidh tionscnóirí a bheidh ag iarraidh maoinithe faisnéis leordhóthanach ar fáil bunaithe ar threoir a bheidh le forbairt ag an gCoimisiún. Déanfar tionscadail ar lú iad na méid áirithe a shaineofar sa treoir a eisiáimh ón díonadh.

Ceadófar le treoir an Choimisiúin:

- a) i dtaca le hoiriúint, an tseasmhacht in aghaidh thionchar díobhálach féideartha an athraithe aeráide a áirithiú trí bhíthin measúnaithe riosca agus leochaileachta aeráide, lena n-áirítear bearta oiriúna ábhartha, agus, i dtaca le maolú, costais astaíochtaí gás cheaptha teasa agus éifeachtaí deimhneacha na mbeart maolaithe aeráide a chomtháthú san anailís costais/sochair;
 - b) tionchar tionscadail chomhdhlúthaithe a chur san áireamh i dtéarmaí príomhghnéithe an chaipitil nádúrtha i dtaca le haer, uisce talamh agus an bhithéagsúlacht.
 - (c) meastachán a dhéanamh ar chuimsiú sóisialta ceantar áirithe agus daonraí áirithe.
4. Cuirfidh comhpháirtithe cur chun feidhme an fhaisnéis is gá ar fáil chun gur féidir infheistíocht a rianú, rianú lena gcomhlíontar cuspóirí an Aontais maidir leis an aeráid agus an comhshaol, bunaithe ar threoir a bheidh le cur ar fáil ag an gCoimisiún.
 5. Beidh sé mar sprioc ag comhpháirtithe cur chun feidhme go gcuirfidh 50 % den infheistíocht faoin ionú beartais i dtaca le bonnagar inbhuanaithe le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh.
 6. Tugtar an chumhacht don Choimisiún glacadh le gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 26 chun na treoirlínte infheistíochta do gach ceann de na hionuithe beartais a shainiú.

Airteagal 8

Urranna

1. I ngach ionú beartais dá dtagraítear in Airteagal 7(1) beidh dhá urrann lena rachfar i ngleic le teipeanna margaidh sonracha nó cásanna infheistíochta fo-optamacha mar a leanas:
 - (a) le hurrann an Aontais rachfar i ngleic le haon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (i) teipeanna margaidh sonracha nó cásanna infheistíochta fo-optamacha a bhaineann le tosaíochtaí beartais an Aontais agus a dtéitear i ngleic leo ar leibhéal an Aontais;
 - (ii) teipeanna margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamacha ar fud an Aontais; nó
 - (iii) teipeanna margaidh nua nó casta nó cásanna infheistíochta fo-optamacha d'fhonn réitigh airgeadais agus struchtúir mhargaidh nua a fhorbairt;
 - (b) rachaidh urrann na mBallstát i ngleic le teipeanna margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamacha i gceann amháin de na Ballstáit nó i roinnt díobh chun cuspóirí na gCistí rannchuidíochta faoi bhainistíocht chomhroinnte a thabhairt i gcrích.

2. Féadtar na hurranna dá dtagraítear i mír 1 a úsáid ar bhealach comhlántach chun tacú le hoibríocht maoiniúcháin nó infheistíochta, lena n-áirítear trí thacaíocht ó dá urrann a chomhcheangal.

Airteagal 9

Forálacha sonracha is infheidhme maidir le hurrann an Bhallstáit

1. Úsáidfear méideanna a leithdháilfidh Ballstát faoi Airteagal [10(1)] de [[Rialachán na bhForálacha Coiteanna] uimhir] nó Airteagal [75(1)] de Rialachán [[an Plean faoi CBT] uimhir] i ndáil le soláthar don chuid de ráthaíocht AE faoi urrann an Bhallstáit lena gcuimhdáitear oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta sa Bhallstát lena mbaineann.
2. Bunú na coda sin de ranníocaíocht AE faoi urrann na mBallstát, beidh sé faoi réir comhaontú ranníocaíochta a thabhairt i gcrích idir an Ballstát agus an Coimisiún.
Tabharfaidh an Ballstát agus an Coimisiún an comhaontú ranníocaíochta nó leasú air i gcrích laistigh de cheithre mhí tar éis an Chinnidh ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta nó an Plean faoi CBT a ghlacadh nó tráth an Chinnidh ón gCoimisiún lena leasaítear clár nó plan faoi CBT
Féadann dhá Bhallstát nó níos mó comhaontú ranníocaíochta comhphárteach a thabhairt i gcrích leis an gCoimisiún.
De mhaolú ar [Airteagal 211(1)] den [Rialachán Airgeadais] socrófar ráta soláthair ráthaíocht AE faoi urrann na mBallstát ar 40 % agus féadtar é a ísliú nó a ardú i ngach comhaontú ranníocaíochta chun na rioscaí a ghabhann leis na táirgí airgeadais atá beartaithe a úsáid a chur san áireamh.
3. Beidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad sa Chomhaontú Comhpháirtíochta:
 - a) méid foriomlán na coda de ráthaíocht AE faoi urrann an Bhallstáit a bhaineann leis an mBallstát, a ráta soláthair, méid na ranníocaíochta ó Chistí faoi bhainistíocht chomhroinnte, an chéim ina bhfuil an soláthar á chur le chéile i gcomhréir le plan airgeadais bliantúil agus méid an dliteanais theagmhasaigh a thagann as sin a bheidh le cumhdach le ráthaíocht chomhuaineach a chuirfidh an Ballstát lena mbaineann ar fáil;
 - b) an straitéis lena gcuimsítear na táirgí airgeadais agus a ngiaráil íosmhéide, an cumhdach geografach, an tréimhse infheistíochta agus, i gcás inarb infheidhme, na catagóirí d'fhaighteoirí deiridh agus idirghabhálaithe incháilithe;
 - c) an comhpháirtí nó na comhpháirtithe cur chun feidhme a bhfuil spéis léirithe acu agus an oibleagáid atá ar an gCoimisiún an Ballstát a chur ar an eolas maidir leis an gcomhpháirtí nó na comhpháirtithe atá roghnaithe;
 - d) an ranníocaíocht fhéideartha ó Chistí faoi bainistíocht chomhroinnte le Mol Comhairleach InvestEU;
 - e) na hoibleagáidí a bheidh ar an mBallstát maidir le tuarascáil bhliantúil a chur isteach, lena n-áirítear tuarascáil a chur isteach i gcomhréir leis na táscairí dá dtagraítear sa chomhaontú ranníocaíochta;

- f) forálacha maidir le luach saothair na coda de ráthaíocht AE faoi urrann an Ballstáit;
 - g) comhcheangal féideartha le hacmhainní faoi urrann AE, lena n-áirítear i struchtúr cisealach chun cumhdach riosca níos fearr a ghnóthú i gcomhréir le hAirteagal 8(2).
4. Déanfaidh an Coimisiún na comhaontuithe ranníocaíochta a chur chun feidhme trí bhíthin comhaontuithe ráthaíochta a shíneofar le comhpháirtithe cur chun feidhme de bhun Airteagal 14.

I gcás, laistigh de naoi mí ón tráth a shíneofar an comhaontú ranníocaíochta, nach dtabharfar aon chomhaontú ráthaíochta i gcrích nó nach ndéanfar méid comhaontuithe ranníocaíochta a ghealladh go hiomlán trí bhíthin comhaontú ráthaíochta amháin nó níos mó, cuirfear deireadh leis an gcomhaontú ranníocaíochta sa chéad chás nó leasófar é dá réir sin sa dara cás agus athúsáidfear méid an tsoláthair nár úsáideadh de bhun {Airteagal 10(5)} de [[Rialachán na bhForálacha Coitianta *uimhir*] agus Airteagal [75(5)] de [Rialachán [an Phlean faoi CBT] *uimhir*].

I gcás nach ndéantar an comhaontú ráthaíochta a chur chun feidhme go hiomchuí laistigh de thréimhse a shonraítear in Airteagal [10(6)] de Rialachán [[na bhForálacha Coitianta] *uimhir*] nó in Airteagal 75(6) den Rialachán [[an Phlean faoi CBT] *uimhir*], leasófar an comhaontú ranníocaíochta agus athúsáidfear méid an tsoláthair nár úsáideadh de bhun Airteagal [10(6)] de Rialachán [[na bhForálacha Coitianta] *uimhir*] nó in Airteagal 75(6) den Rialachán [[an Phlean faoi CBT] *uimhir*].

5. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leis an soláthar don chuid de ráthaíocht AE faoi urrann na mBallstát a bhunaítear le chomhaontú ranníocaíochta:
- (a) tar éis na céime ina bhfuil an soláthar á chur le chéile dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3 den Airteagal seo, déanfar aon bharrachas soláthairtí bliantúil, a ríomhtar trí chomparáid a dhéanamh idir méid na soláthairtí is gá de réir an ráta soláthair agus na soláthairtí iarbhir, a athúsáid de bhun Airteagal [10(6)] de Rialachán [[na bhForálacha Coitianta] agus Airteagal 75(6) den Rialachán [[an Phlean faoi CBT] *uimhir*];
 - (b) de mhaolú ar Airteagal[213(4)] den [Rialachán Airgeadais], tar éis na céime ina bhfuil an soláthar á chur le chéile dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3 den Airteagal seo, ní thiocfaidh as an soláthar aon athsholáthairtí le linn don chuid sin de ráthaíocht AE faoi urrann an Bhallstáit a bheith ar fáil.
 - (c) cuirfidh an Coimisiún an Ballstát ar an eolas gan mhoill i gcás, de thoradh gairmeacha ar an gcuid sin de ráthaíocht AE faoi urrann an Bhallstáit, ina dtitfidh an leibhéal soláthairtí don chuid sin de ráthaíocht AE faoi bhun 20 % den soláthar tosaigh;
 - (d) má thiteann an leibhéal soláthairtí don chuid sin de ráthaíocht AE faoi urrann an Bhallstáit lena mbaineann go 10 % den soláthar tosaigh, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann ar fáil don chiste soláthair coiteann suas le 5 % den soláthar tosaigh arna iarraidh sin ag an gCoimisiún.

CAIBIDIL III

RÁTHAÍOCHT AE

Airteagal 10

Ráthaíocht AE

1. Déanfar ráthaíocht AE a dheonú do na comhpháirtithe cur chun feidhme i gcomhréir le [hAirteagal 219(1)] den [Rialachán Airgeadais] agus déanfar é a bhainistiú i gcomhréir le [Teideal X] den [Rialachán Airgeadais].
2. Féadtar tacaíocht ráthaíocht AE a dheonú i leith oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo ar feadh tréimhse infheistíochta dar críoch an 31 Nollaig 2027. Síneofar conarthaí idir an comhpháirtí cur chun feidhme agus an faighteoir deiridh nó an t-idirghabhálaí airgeadais nó eintiteas eile dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a) faoin 31 Nollaig 2028.

Airteagal 11

Oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta incháilithe

1. Ní thabharfar tacaíocht le Ciste InvestEU ach amháin d'oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta lena ndéanfar an méid seo:
 - (a) na coinníollacha a leagtar amach i [bpointe (a) go pointe (e) d'Airteagal 209(2)] den [Rialachán Airgeadais] a chomhlíonadh, go háirithe an ceanglas breisíochta a leagtar amach i [bpointe (b) d'Airteagal 209(2)] den [Rialachán Airgeadais] agus, i gcás inarb iomchuí, an infheistíocht phríobháideach a uasmhéadú i gcomhréir le [pointe (d) d'Airteagal 209(2) den [Rialachán Airgeadais];
 - (b) cur le cuspóirí bheartas an Aontais agus teacht faoi raon feidhme na réimsí atá incháilithe le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoin ionú iomchuí i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo; agus
 - (c) atá comhsheasmhach leis na treoirlínte infheistíochta.
2. Mar aon le tionscadail atá lonnaithe san Aontas, féadtar tacaíocht a thabhairt le Ciste InvestEU do na tionscadail agus na hoibríochtaí seo a leanas trí bhíthin oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta:
 - (a) tionscadail trasteorann le heintitis atá lonnaithe nó bunaithe i mBallstát amháin nó níos mó agus a leathnaíonn amach do thríú tír amháin nó níos mó, lena n-áirítear tíortha aontacha, tríú tíortha is iarrthóir nó iarrthóir féideartha, tíortha a thagann faoi raon feidhme Bheartas Comharsanachta na hEorpa, an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch nó Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, nó do thír nó críoch ar an gcoigríoch, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAE, bíodh comhpháirtí nó ná bíodh sna tríú tíortha sin nó sna tíortha nó na críocha ar an gcoigríoch.

- (b) oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta i dtíortha dá dtagraítear in Airteagal 5 a rannchuidigh le táirge airgeadais sonracha.
3. Féadann Ciste InvestEU tacú le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta lena gcuirtear maoiniú ar fáil d'fhaighteoirí ar eintitis dlíthiúla iad in aon cheann de na tíortha seo a leanas:
- (a) Ballstát, nó tír nó críoch ar an gcoigríoch atá bainteach leis an mBallstát sin;
 - (b) tríú tír atá comhlachaithe le Clár InvestEU i gcomhréir le hAirteagal 5;
 - (c) tríú tír dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2, i gcás inarb infheidhme;
 - (d) tíortha eile ina bhfuil gá le tionscadal a mhaoiniú i dtír nó críoch dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (c).

Airteagal 12

Comhpháirtithe cur chun feidhme a roghnú

1. Roghnóidh an Coimisiún, i gcomhréir le [hAirteagal 154] den [Rialachán Airgeadais], na comhpháirtithe cur chun feidhme nó grúpa díobh, dá dtagraítear sa dara fómhír den mhír seo, as measc na gcontrapháirteanna incháilithe.
- Maidir le hurrann an Aontais, beidh suim léirithe ag contrapháirteanna incháilithe agus beidh siad in ann oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdach i dtrí Bhallstát ar a laghad. Féadfaidh na comhpháirtithe cur chun feidhme oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdach in éineacht i dtrí Bhallstát ar a laghad trí ghrúpa a bhunú.
- Maidir le hurrann an Bhallstáit, féadfaidh an Ballstáit lena mbaineann contrapháirt incháilithe amháin nó níos mó a mholadh mar chomhpháirtithe cur chun feidhme as a measc sin a léirigh suim de bhun Airteagal 9(3)(c)
- I gcás nach molann an Ballstát lena mbaineann comhpháirtí cur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún beart i gcomhréir leis an dara fómhír den mhír seo i measc na gcomhpháirtithe cur chun feidhme sin atá in ann oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdach sna limistéir gheografacha lena mbaineann.
2. Agus comhpháirtithe cur chun feidhme á roghnú aige áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfaidh an phunann de tháirgí airgeadais faoi Chiste InvestEU an méid seo a leanas:
- (a) cumhdach na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 a uasmhéadú;
 - (b) tionchar ráthaíocht AE a uasmhéadú trí bhíthin na n-acmhainní dílse a gheall an comhpháirtí cur chun feidhme;
 - (c) infheistíocht príobháideach a uasmhéadú, i gcás inarb iomchuí;
 - (d) éagsúlú geografach a ghnóthú;
 - (e) éagsúlú riosca leordhóthanach a chur ar fáil;
 - (f) réitigh riosca agus airgeadais nuálacha a chur chun cinn chun dul i ngleic le teipeanna margaidh agus cásanna infheistíochta fo-optamacha.

3. Agus na comhpháirtithe cur chun feidhme á roghnú, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh freisin:
 - (a) an costas agus an luach saothair féideartha ar bhuiséad an Aontais;
 - (b) cumas an chomhpháirtí cur chun feidhme ceanglais [Airteagal 155(2)] den [Rialachán Airgeadais]a bhaineann le seachaint cánach, calaois chánach, imghabháil cánach, sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta agus dlínsí neamhchomhoibríocha a chur chun feidhme go hiomlán.
4. Féadtar bainc nó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagtha a roghnú mar chomhpháirtithe cur chun feidhme faoi réir na gceanglas a leagtar síos san Airteagal seo agus sa dara fómhír d'Airteagal 14(1) a chomhlíonadh.

Airteagal 13

Cineálacha maoiniúcháin incháilithe

1. Féadtar ráthaíocht AE a úsáid ar mhaithe le cumhdach riosca i leith na gcineálacha maoiniúcháin a chuireann na comhpháirtithe cur chun feidhme ar fáil:
 - (a) iasachtaí, ráthaíochtaí, contra-ráthaíochtaí, ionstraimí margaidh caipitil, aon fhoirm eile d'ionstraim cistithe nó feabhsaithe creidmheasa, fofhiachas san áireamh, rannpháirtíochtaí cothromais nó cuasachothromais, a chuirtear ar fáil go díreach nó go hindíreach trí idirghabhálaithe airgeadais, cistí, ardáin infheistíochta nó meáin eile a bheidh le seoladh chuig faighteoirí deiridh.
 - (b) maoiniú nó ráthaíochtaí ó chomhpháirtí cur chun feidhme chuig institiúid airgeadais eile lena gcuirtear ar a cumas don institiúid sin na gníomhaíochtaí maoiniúcháin dá dtagraítear i bpointe (a) a dhéanamh.

Le go mbeidh sé faoi chumhdach ráthaíocht AE, déanfar an maoiniú dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo a dheonú, a fháil nó a eisiúint chun tairbhe oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 11(1), i gcás ina ndeonaítear an maoiniú ón gcomhpháirtí cur chun feidhme i gcomhréir le comhaontú maoiniúcháin nó idirbheart a dhéanfaidh comhpháirtí cur chun feidhme a shíniú nó a thabhairt i gcrích tar éis shíniú an chomhaontaithe ráthaíochta idir an Coimisiún agus an comhpháirtí cur chun feidhme agus nach bhfuil imithe in éag ná curtha ar ceal.

2. Oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a dhéantar trí bhíthin cistí nó struchtúir idirmheánacha eile, cumhdófar iad sin le ráthaíocht AE i gcomhréir leis na forálacha atá le leagan síos sna treoirlínte infheistíochta fiú má infheistíonn an struchtúr sin níos lú ná leath dá suimeanna infheistithe lasmuigh den Aontas agus sna tíortha dá dtagraítear in Airteagal 11(2) nó i sócmhainní cé is moite díobh sin is incháilithe faoin Rialachán seo.

Airteagal 14

Comhaontuithe ráthaíochta

1. Tabharfaidh an Coimisiún comhaontú ráthaíochta i gcrích le gach comhpháirtí cur chun feidhme maidir le ráthaíocht AE a dheonú i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo suas le méid a bheidh le cinneadh ag an gCoimisiún.

I gcás ina mbunaíonn comhpháirtithe cur chun feidhme grúpa dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 12(1), tabharfar comhaontú ráthaíochta aonair i gcrích idir an Coimisiún agus gach comhpháirtí cur chun feidhme sa ghrúpa nó le comhpháirtí cur chun feidhme amháin thar ceann an ghrúpa.
2. Beidh sna comhaontuithe ráthaíochta, go háirithe, forálacha maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) méid agus téarmaí na ranníocaíochta airgeadais a bheidh le cur ar fáil ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme;
 - (b) téarmaí an mhaoiniúcháin nó na ráthaíochtaí a bheidh le cur ar fáil ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme d'eintiteas dlíthiúil eile a bheidh páirteach sa chur chun feidhme, i gcás mar sin;
 - (c) i gcomhréir le hAirteagal 16, rialacha mionsonraithe maidir le ráthaíocht AE a sholáthar, lena n-áirítear punanna de chineálacha ionstraimí mionsonraithe agus na teagmhais ábhartha a spreagann gairmeacha féideartha ar ráthaíocht AE;
 - (d) an luach saothair maidir le riosca a bheidh le leithdháileadh i gcomhréir le sciar an Aontais agus an chomhpháirtí cur chun feidhme faoi seach ó thaobh riosca a sheasamh;
 - (e) na coinníollacha maidir le híocaíocht;
 - (f) gealltanais an chomhpháirtí cur chun feidhme glacadh leis na cinntí ón gCoimisiún agus ón gCoiste Infheistíochta maidir le ráthaíocht AE ar mhaithe le hoibríocht maoiniúcháin nó infheistíochta atá beartaithe, gan dochar do chinnteoireacht an chomhpháirtí cur chun feidhme maidir leis an oibríocht atá beartaithe gan ráthaíocht AE;
 - (g) forálacha agus nósanna imeachta a bhaineann le héilimh a ghnóthú atá le cur de chúram ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme;
 - (h) tuairisciú agus faireachán airgeadais agus oibríochtúil ar na hoibríochtaí faoi ráthaíocht AE;
 - (i) táscairí feidhmíochta tábhachtacha, go háirithe i dtaca le húsáid ráthaíocht AE, comhlíonadh na gcuspóirí agus na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 3, Airteagal 7 agus Airteagal 11 mar aon le húsáid caipitil phríobháidigh;
 - (j) i gcás inarb infheidhme, forálacha agus nósanna imeachta a bhaineann le hoibríochtaí measctha;
 - (k) forálacha ábhartha eile i gcomhréir le ceanglais [Theideal X] den [Rialachán Airgeadais].
3. Déanfar foráil le comhaontú ráthaíochta freisin go gcuirfear luach saothair is inchurtha i leith an Aontais ó oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a

chumhdaítear leis an Rialachán seo ar fáil tar éis asbhaint na n-íocaíochtaí a dhéanfar de bharr gairmeacha ar ráthaíocht AE.

4. Ina theannta sin, déanfar foráil le comhaontú ráthaíochta go ndéanfar aon mhéid atá dlite don chomhpháirtí cur chun feidhme a bhaineann le ráthaíocht AE a bhaint de mhéid foriomlán na luachanna saothair, ioncam agus aisíocaíochtaí atá dlite ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme leis an Aontas ó oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo. I gcás nach leor an méid seo chun an méid atá iníoctha le comhpháirtí cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 15(3) a chumhdach, déanfar an méid gan íoc a tharraingt ar sholáthar ráthaíocht AE.
5. I gás ina dtugtar an comhaontú ráthaíochta i gcrích faoi urrann an Bhallstáit féadtar foráil a dhéanamh leis maidir le rannpháirtíocht ionadaithe ar an mBallstát nó ar na réigiúin lena mbaineann an faireachán ar chur chun feidhme an chomhaontú ráthaíochta.

Airteagal 15

Ceanglais chun ráthaíocht AE a úsáid

1. Beidh deonú ráthaíocht AE faoi réir theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe ráthaíochta a dhéanfar leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme ábhartha.
2. Cumhdófar oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta le ráthaíocht AE i gcás ina gcomhlíonann siad, agus sa chás sin amháin, na critéir a leagtar síos sa Rialachán seo agus sna treoirlínte infheistíochta ábhartha agus i gcás ina gcinneann an Coiste Infheistíochta go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le tairbhe a bhaint as ráthaíocht AE. Leanfaidh na comhpháirtithe cur chun feidhme de bheith freagrach as a áirithiú go bhfuil an Rialachán seo agus na treoirlínte infheistíochta ábhartha á gcomhlíonadh leis na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta.
3. Ní bheidh aon chostas nó táillí riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoi scéim ráthaíochta AE le híoc ag an gCoimisiún leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme, mura gceadaítear le cineál na gcuspóirí, a ndírítear orthu leis an táirge airgeadais atá le cur chun feidhme, don chomhpháirtí cur chun feidhme a léiriú go bhfuil gá le heisceacht a dhéanamh. Leagfar síos cumhdach na gcostas sin sa chomhaontú ráthaíochta agus comhlíonfaidh sé [Airteagal 209(2)(g)] den [Rialachán Airgeadais].
4. Ina theannta sin, féadfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme ráthaíocht an Aontais a úsáid chun sciar ábhartha aon chostas gnóthúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann a íoc, mura n-asbhaintear iad as fáiltais gnóthúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 14(4).

Airteagal 16

Cumhdach agus téarmaí ráthaíochta AE

1. Déanfar an luach saothair maidir le riosca a leithdháileadh ar an Aontas agus comhpháirtí cur chun feidhme i gcomhréir lena sciar faoi seach ó thaobh riosca a

sheasamh i ndáil le punann oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta, nó, i gcás inarb iomchuí, oibríochtaí aonair. Beidh neamhchosaint iomchuí ag an gcomhpháirtí ar a riosca féin ar oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a fhaigheann tacaíocht ráthaíocht AE, mura rud é, i gcás eisceachtúil, go bhfuil na cuspóirí a ndírítear orthu leis an táirge airgeadais a bheidh le cur chun feidhme de chineál nach bhféadfadh an comhpháirtí cur chun feidhme a acmhainneacht chun riosca a sheasamh a leithdháileadh air.

2. Cumhdóidh ráthaíocht an Aontais:

- (a) maidir leis na táirgí fiachais dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a):
 - (i) an phríomhshuim agus an t-ús go léir agus na méideanna uile a bheidh dlite don chomhpháirtí cur chun feidhme ach gan a bheith faighte aige i gcomhréir le téarmaí na n-oibríochtaí maoiniúcháin go dtí tráth na mainneachtana; i gcás fofhiachais measfar cur siar, laghdú nó dul amach éigeantach bheith ina theagmhas mainneachtana;
 - (ii) caillteanais a eascraíonn as athstruchtúrú;
 - (iii) caillteanais a eascraíonn as luaineachtaí airgeadraí eile seachas an euro i margáí nach bhfuil ach féidearthachtaí teoranta iontu fálú fadtéarmach a dhéanamh;
- (b) maidir leis na hinfeistíochtaí cothromais nó cuasachothromais dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a), na méideanna a infheistíodh agus a gcostas cistithe gaolmhar agus caillteanais a eascraíonn as luaineachtaí airgeadraí eile seachas an euro;
- (c) maidir le cistiú nó ráthaíochtaí a dhéanann comhpháirtí cur chun feidhme chuig eintiteas dlíthiúil eile dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(b), na méideanna a úsáideadh agus a gcostais chistithe ghaolmhara.

3. I gcás ina ndéanann an tAontas íocaíocht leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme i gcás gairm ar ráthaíocht AE, déanfar é a sheachú i gcearta ábhartha, a mhéid a leanann siad de bheith ann, an chomhpháirtí cur chun feidhme i dtaca le haon cheann dá oibríochtaí cur chun feidhme maoiniúcháin nó infheistíochta a chumhdaítear faoi ráthaíocht AE.

Gnóthóidh an comhpháirtí cur chun feidhme, thar ceann an Aontais, na héilimh ar na méideanna a seachaíodh agus aisíocfaidh sé an tAontas as na suimeanna a ghnóthófar.

CAIBIDIL IV

RIALACHAS

Airteagal 17

Bord Comhairleach

1. Tabharfaidh bord comhairleach ina mbeidh dhá fhoirmíocht, eadhon ionadaithe ar chomhpháirtithe agus ionadaithe ar na Ballstáit, tabharfaidh an bord comhairleach sin comhairle don Choimisiún.

2. Féadfaidh gach comhpháirtí cur chun feidhme agus gach Ballstát ionadaí amháin a ainmniú don fhoirmíocht lena mbaineann.
3. Beidh ionadaíocht ar an gCoimisiún i ndá fhoirmíocht an bhoird chomhairligh.
4. Is iad ionadaí ar an gCoimisiún agus an t-ionadaí a ainmneoidh an Banc Infheistíochta Eorpach a dhéanfaidh cathaoirleacht chomhphárteach ar chruinniú bhord comhairleach ionadaithe na gcomhpháirtithe cur chun feidhme.
Beidh ionadaí ar an gCoimisiún ina Chathaoirleach ar chruinniú bhord comhairleach ionadaithe na mBallstát.
Tiocfaidh an bord comhairleach le chéile go rialta agus faoi dhó sa bhliain ar a laghad ar a iarraidh sin don Chathaoirleach. Féadtar cruinnithe comhphárteacha den bhord comhairleach a eagrú arna iarraidh sin go comhphárteach do na Cathaoirligh.
Is é an Coimisiún a leagfaidh síos na rialacha agus na nósanna imeachta oibríochta agus a dhéanfaidh rúnaíocht an bhoird chomhairligh a bhainistiú.
5. Déanfaidh an bord comhairleach an méid seo a leanas:
 - (a) sa chaoi ina n-eagraíonn sé na hionadaithe ar na comhpháirtithe cur chun feidhme;
 - (i) comhairle a thabhairt maidir le dearadh na dtáirgí airgeadais atá le cur chun feidhme faoin Rialachán;
 - (ii) comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le teipeanna margaidh agus cásanna infheistíochta fo-optamacha agus dálaí margaidh;
 - (b) sa chaoi ina n-eagraíonn sé na hionadaithe ar na Ballstáit;
 - (i) na Ballstáit a chur ar an eolas maidir le cur chun feidhme Chiste InvestEU;
 - (ii) barúlacha a mhalartú leis na Ballstáit maidir le forbairtí sa mhargadh agus dea-chleachtas a chomhroinnt.

Airteagal 18

Foireann tionscadail

1. Bunófar foireann tionscadail de shaineolaithe a chuirfidh na comhpháirtithe cur chun feidhme ar fáil don Choimisiún saor in aisce ó bhuiséad an Aontais.
2. Déanfaidh gach comhpháirtí cur chun feidhme saineolaithe a shannadh don fhoireann tionscadail. Déanfar líon na saineolaithe a bhunú sa chomhaontú ráthaíochta.
3. Dearbhóidh an Coimisiún an gcomhlíonann na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta atá molta dlí agus beartais an Aontais.
4. Faoi réir a dheimhnithe ag an gCoimisiún dá dtagraítear i mír 3, déanfaidh an fhoireann tionscadail rialú cáilíochta ar dhícheall cuí na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta beartaithe a rinne na comhpháirtithe cur chun feidhme. Cuirfear oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoi bhráid an Choiste Infheistíochta ansin chun an cumhdach faoi ráthaíocht an Aontais a fhorhmeas.
Ullmhóidh an fhoireann tionscadail an scórchlár maidir leis na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta don Choiste Infheistíochta.

Áireofar sa scórchlár, go háirithe, formheas ar:

- (a) próifil riosca na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta atá beartaithe;
- (b) an tairbhe d'fhaighteoírí deiridh;
- (c) urramú na gcritéir incháilitheachta.

Cuirfidh gach comhpháirtí cur chun feidhme faisnéis leordhóthanach chomhchuibhithe ar fáil don fhoireann tionscadail chun go mbeidh sí in ann anailís riosca a dhéanamh agus an scórchlár a ullmhú.

- 5. Ní dhéanfaidh saineolaí tionscadail de chuid na foirne, a chuirfear ar fáil don Choimisiún ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme, formheas ar an dícheall cuí nó ar an mbreithmheas a bhaineann le hoibríocht maoiniúcháin nó infheistíochta fhéideartha. Ina theannta sin ní ullmhóidh an saineolaí sin an scórchlár maidir leis na tograí sin.
- 6. Déanfaidh gach saineolaí de chuid foirne tionscadail aon choinbhleacht leasa a dhearbhu don Choimisiún agus an fhaisnéis go léir is gá a chur in iúl don Choimisiún chun seiceáil gan mhoill ar bhonn leanúnach nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann.
- 7. Déanfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le feidhmiú na foirne tionscadail agus cásanna coinbhleacht leasa a fhíorú.
- 8. Leagfaidh an Coimisiún síos rialacha mionsonraithe maidir leis an scórchlár chun go mbeidh an Coiste Infheistíochta in ann úsáid ráthaíocht an Aontais a fhorghabháil maidir le hoibríocht maoiniúcháin nó infheistíochta.

Airteagal 19

An Coiste Infheistíochta

- 1. Bunófar Coiste Infheistíochta. Déanfaidh sé
 - (a) scrúdú ar na tograí le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chuireann na comhpháirtithe cur chun feidhme isteach le haghaidh cumhdach faoi ráthaíocht an Aontais;
 - (b) a fhíorú go bhfuil an Rialachán seo agus na treoirlínte infheistíochta ábhartha á gcomhlíonadh acu, agus aird faoi leith á tabhairt don cheangaltas breisíochta dá dtagraítear in [Airteagal 209(2)(b)] den [Rialachán Airgeadais] agus don cheangaltas infheistíocht phríobháideach a chardadh isteach dá dtagraítear in [Airteagal 209(2)(d)] den [Rialachán Airgeadais]. agus
 - (c) agus a sheiceáil an gcomhlíonann na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a bhainfeadh tairbhe as tacaíocht ráthaíocht AE na ceanglais ábhartha go léir.
- 2. Tiocfaidh an Coiste Infheistíochta le chéile i gceithre fhoirmíocht éagsúla a chomhfhreagraíonn do na hionuithe beartais dá dtagraítear in Airteagal 7(1).

I ngach foirmíocht den Choiste Infheistíochta beidh seisear saineolaithe a íoctar. Déanfaidh an Coimisiún na saineolaithe a roghnú i gcomhréir le [hAirteagal 237] den [Rialachán Airgeadais] agus a cheapadh go ceann téarma seasta suas le ceithre

bliana. Beidh a dtréimhse in-athnuaite ach ní bheidh sí níos faide ná seacht mbliana san iomlán. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh téarma oifige comhalta atá ann faoi láthair a athnuachan gan leas a bhaint as an gcur chuige a leagtar síos sa mhír sin.

Beidh ardleibhéal taithí ábhartha margaióchta ag na saineolaithe ar thionscadail a struchtúrú agus a mhaoiniú agus ar FBManna agus corparáidí a mhaoiniú.

Le comhdhéanamh an Choiste Infheistíochta áiritheofar go mbeidh sé ar an eolas tríd is tríd maidir leis na hearnálacha a chumhdaítear leis na hionuithe beartais dá dtagraítear in Airteagal 7(1), maidir le margáí geografacha san Aontas agus go mbeidh cothromaíocht inscne ann ina iomláine.

Beidh ceithre cinn de na comhaltaí ina gcomhaltaí buana i gceithre fhoirmíocht an Choiste Infheistíochta. Ina theannta sin, i ngach ceann de na ceithre fhoirmíocht beidh beirt shaineolaithe a mbeidh taithí acu ar infheistíochta in earnálacha a chumhdaítear leis an ionú beartais sin. Beidh duine amháin de na comhaltaí buana ar a laghad ina shaineolaí ar an infheistíocht inbhuanaithe. Sannfaidh an Coimisiún comhaltaí an Choiste Infheistíochta ar an bhfoirmíocht nó na foirmíochtaí iomchuí. Toghfaidh an Coiste Infheistíochta cathaoirleach as measc a chomhaltaí buana.

Glacfaidh an Coimisiún na rialacha agus na nósanna imeachta oibríochta agus déanfaidh sé rúnaíocht an bhoird chomhairligh a bhainistiú.

3. Nuair a bheidh páirt á glacadh acu i ngníomhaíochtaí an Choiste Infheistíochta, comhlíonfaidh a chuid comhaltaí a ndualgais go neamhchlaonta chun leas Chiste InvestEU amháin. Ní lorgóidh siad teoracha ó na comhpháirtithe cur chun feidhme, ó institiúidí an Aontais, ó na Ballstáit, ná ó aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile.

Déanfar CVanna agus dearbhuithe leasa gach comhalta den Choiste Infheistíochta a chur ar fáil go poiblí agus a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach. Déanfaidh gach comhalta den Choiste Infheistíochta an fhaisnéis go léir is gá chun seiceáil ar bhonn leanúnach nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann a chur in iúl don Choimisiún gan mhoill.

Féadfaidh an Coimisiún a dhualgais a bhaint de chomhalta mura n-urramóidh sé na ceanglais a leagtar síos sa mhír seo ar aon chúiseanna eile a bhfuil údar cuí leo.

4. Ag gníomhú dó i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfar tacaíocht don Choiste Infheistíochta leis an doiciméadacht a chuirfidh na comhpháirtithe cur chun feidhme ar fáil agus aon doiciméadacht eile a measann an Coiste Infheistíochta a bheith ábhartha. Aon mheasúnú tionscadail a dhéanfaidh comhpháirtí cur chun feidhme, ní bheidh sí ceangailteach ar an gCoiste Infheistíochta chun na geríoch oibríocht maoiniúcháin nó infheistíochta tairbhe a bhaint as cumhdach faoi ráthaíocht AE.

Ina mheasúnú agus a fhíorú ar na tograí bainfidh an Coiste Infheistíochta úsáid as scórchlár de tháscairí dá dtagraítear in Airteagal 18(3).

5. Déanfaidh an Coiste Infheistíochta conclúidí trí thiomlach simplí de na comhlachtaí uile. I gcás comhionannas vótaí, beidh an vóta réitigh ag cathaoirleach an Choiste Infheistíochta.

Beidh rochtain ag an bpobal ar chonclúidí an Choiste Infheistíochta lena bhformheasfar tacaíocht an Aontais d'oibríocht maoiniúcháin nó infheistíochta agus beidh iontu freisin réasúnaíocht an fhorhmeasa sin. Ní bheidh faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de sa mhéid a fhoilseofar.

Beidh an scórchlár ar fáil go poiblí tar éis maoiniú, nó infheistíocht nó fothionscadal a shíniú, i gcás inarb infheidhme. Ní bheidh faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó sonraí pearsanta nach bhfuil le nochtadh faoi rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta sa mhéid a fhoilseofar.

Faoi dhó sa bhliain, déanfar conclúidí an Choiste Infheistíochta lena ndíuláitear d'úsáid ráthaíocht AE a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, faoi réir ceanglais rúndachta dochta.

6. I gcás ina n-iarrtar ar an gCoiste Infheistíochta úsáid ráthaíocht an Aontais a fhorfhéas maidir le hoibríocht maoiniúcháin nó infheistíochta ar saoráid, clár struchtúr í nach bhfuil aon fhothionscadail fholuiteacha ag gabháil leis, beidh na fothionscadail fholuiteacha san áireamh san fhorfhéas mura gcinneann an Coiste Infheistíochta an ceart a choinneáil formheas a dhéanamh orthu go leithleach.

CAIBIDIL V

Mol Comhairleach InvestEU

Airteagal 20

Mol Comhairleach InvestEU

1. Le Mol Comhairleach InvestEU cuirfear tacaíocht chomhairleach ar fáil maidir le tionscadail infheistíochta a aithint, a ullmhú, a fhorbairt, a struchtúrú, a sholáthar nó a chur chun feidhme, nó maidir le hacmhainn tionscnóirí agus idirghabhálaithe airgeadais le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chur chun feidhme, an acmhainn sin a fheabhsú. Féadtar a chumhdach leis an tacaíocht sin aon chéim de shaolré tionscadail nó de mhaoiniú aon eintitis a dtugtar tacaíocht dó.

Beidh Mol Comhairleach InvestEU ar fáil mar ghné faoi gach ionú beartais dá dtagraítear in Airteagal 7(1) chun na hearnálacha go léir faoin ionú sin a chumhdach. Ina theannta sin, beidh seirbhísí comhairleacha trasearnálacha ar fáil.

2. Le Mol Comhairleach InvestEU cuirfear na seirbhísí seo a leanas ar fáil go háirithe:
 - (a) pointe iontrála aonair a sholáthar maidir le cúnamh forbartha tionscadail d'údaráis agus do thionscnóirí tionscadail le haghaidh chláir an Aontais a ndéantar bainistiú lárach orthu;
 - (b) cúnamh do thionscnóirí tionscadail, i gcás inarb iomchuí, a dtionscadail a fhorbairt chun na cuspóirí agus na critéir incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 3, Airteagal 7 agus Airteagal 11 a chomhlíonadh, agus forbairt comhbhailitheoirí le haghaidh tionscadail mhionscála a éascú. mar sin féin, ní dhéanfaidh an cúnamh sin dochar do chonclúidí an Choiste Infheistíochta maidir le tacaíocht ráthaíocht AE do na tionscadail sin a chumhdach;
 - (c) tacú le gníomhuithe agus leas a bhaint as eolas áitiúil chun tacaíocht Chiste InvestEU a éascú ar fud an Aontais agus rannchuidiú go gníomhach, i gcás inar féidir, le haidhm éagsúlú eanála agus geografach Chiste InvestEU trí thacú leis

na comhpháirtithe cur chun feidhme oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a thionscnamh agus a fhorbairt;

- (d) bunú ardán comhoibríoch a éascú ar mhaithe le sonraí, eolas agus dea-chleachtais a mhalartú piara go piara agus a chomhroinnt chun tacú le forbairt pleananna tionscadail agus earnála;
 - (e) tacaíocht chomhairleach, réamhghníomhach a sholáthar maidir le hardáin infheistíochta a bhunú, go háirithe ardáin infheistíochta trasteorann a bhfuil roinnt Ballstát bainteach leo;
 - (f) tacú le gníomhuithe forbartha acmhainneachta chun acmhainní, scileanna agus próisis eagraíochtúla a fhorbairt agus chun ullmhacht eagraíochtaí a luasghéarú chun go bhforbróidh tionscnóirí agus údaráis pleananna tionscadail agus go ndéanfaidh siad tionscadail a bhainistiú agus go gcuirfidh idirghabhálaithe airgeadais oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta chun feidhme chun tairbhe eintiteas a mbíonn deacrachtaí acu rochtain a fháil ar mhaoiniú, lena n-áirítear trí bhíthin tacaíocht chun acmhainneacht bainistithe riosca nó eolas earnáilbhunaithe a fhorbairt.
3. Cuirfear Mol Comhairleach InvestEU ar fáil do thionscnóirí tionscadal poiblí agus príobháideach agus d'idirghabhálaithe airgeadais agus idirghabhálaithe eile.
 4. Féadfar táillí a ghearradh i leith na seirbhísí dá dtagraítear i mír 2 chun cuid de na costais a bhaineann le soláthar na seirbhísí sin a chumhdach.
 5. Chun an cuspóir dá dtagraítear i mír 1 a ghnóthú agus chun soláthar tacaíochta comhairlí a éascú, cuirfidh Mol Comhairleach InvestEU leis an saineolas atá ag an gCoimisiún agus na comhpháirtithe cur chun feidhme.
 6. Beidh láithreacht áitiúil ag Mol Comhairleach InvestEU, i gcás inar gá. Déanfar é a bhunú go háirithe i mBallstáit nó i réigiúin ina bhfuil deacrachtaí maidir le tionscadail a fhorbairt faoi Chiste InvestEU. Tabharfaidh Mol Comhairleach InvestEU cúnaimh le linn eolas a aistriú chuig an leibhéal réigiúnach nó áitiúil d'fhonn acmhainneacht agus saineolas réigiúnach agus áitiúil a fhothú don tacaíocht dá dtagraítear i mír 1.
 7. Molfaidh na comhpháirtithe cur chun feidhme do thionscnóirí tionscadal a chuireann isteach ar mhaoiniú, lena n-áirítear tionscadail bheagmhéide go háirithe, a dtionscadail a chur ar aghaidh chun tacaíocht Mhol Chomhairligh InvestEU a iarraidh d'fhonn ullmhúchán a dtionscadal a fheabhsú, i gcás inarb iomchuí, agus/nó chun lamháil do mheasúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht tionscadail a chuachadh.

Cuirfidh na comhpháirtithe cur chun feidhme tionscnóirí ar an eolas, i gcás inarb iomchuí, maidir leis an deis atá ann a dtionscadail a liostú ar Thairseach InvestEU dá dtagraítear in Airteagal 21.

CAIBIDIL VI

Airteagal 21

Tairseach InvestEU:

1. Déanfaidh an Coimisiún Tairseach InvestEU a bhunú. Is é a bheidh ann bunachar sonraí tionscadal a mbeidh teacht air go héasca agus atá furasta le húsáid, lena gcuirfear faisnéis ábhartha ar fáil maidir le gach tionscadal.
2. Cuirfear ar fáil le Tairseach InvestEU bealach do thionscnóirí chun a dtionscnaimh a bhfuil siad ag iarraidh maoiniú ina leith a dhéanamh níos feiceálaí agus ar an gcaoi sin faisnéis ina dtaobh a chur ar fáil d'infheisteoirí. Beidh tionscadail a áireamh i dTairseach InvestEU gan dochar do chinntí ar na tionscadail dheireanacha arna roghnú chun tacaíocht a fháil faoin Rialachán seo, faoi aon ionstraim eile de chuid an Aontais, nó do chistiú poiblí.
3. Ní liostófar ar an Tairseach ach tionscadail atá ag luí le dlí agus beartais an Aontais.
4. Déanfaidh an Coimisiún tionscadail a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 3 a tharchur chuig na comhpháirtithe cur chun feidhme.
5. Scrúdóidh comhpháirtithe cur chun feidhme tionscadail a thagann faoina raon feidhme geografach nó gníomhaíochta.

CAIBIDIL VII

FAIREACHÁN AGUS TUAIRISCIÚ, MEASTÓIREACHT AGUS RIALÚ

Airteagal 22

Faireachán agus tuairisciú

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo na táscairí a úsáidfear le tuairisciú a dhéanamh ar dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme Chlár InvestEU maidir le baint amach na gcuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3.
2. Chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn an Chlár InvestEU i dtreo bhaint amach a chuspóirí, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 26, chun Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun na táscairí a athbhreithniú nó a fhorlíonadh i gcás ina measfar gur gá, agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.
3. Áiritheofar leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus torthaí, go mbaileofar iad ar dhóigh atá éifeachtúil éifeachtach tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais

chomhréireacha tuairiscithe ar chomhpháirtithe cur chun feidhme agus fhaighteoirí eile a fhaigheann cistí ón Aontas, de réir mar is iomchuí.

4. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme Chlár InvestEU i gcomhréir le [hAirteagal 241 agus Airteagal 250] de [Rialachán Airgeadais]. Chun na críche sin, cuirfidh na comhpháirtithe cur chun feidhme go bliantúil an fhaisnéis is gá ar fáil chun gur féidir leis an gCoimisiún a oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh.
5. Ina theannta sin, cuirfidh gach comhpháirtí cur chun feidhme tuarascáil chuig an gCoimisiún gach sé mhí ar oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo, agus í miondealaithe de réir urrann AE agus urrann an Bhallstáit de réir Ballstáit, de réir mar is iomchuí. Beidh sa tuarascáil measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le húsáid ráthaíocht AE agus na bpríomhtháscairí feidhmíochta dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Beidh sa tuarascáil freisin sonraí oibríochtúla, staidrimh, airgeadais agus cuntasáíochta maidir le gach oibríocht maoiniúcháin agus infheistíochta agus faisnéis ar leibhéal na hurraine, an ionú beartais agus Chiste InvestEU I gceann de na tuarascálacha sin beidh an fhaisnéis a chuirfidh na comhpháirtithe cur chun feidhme ar fáil i gcomhréir le [hAirteagal 155(1)(a)] den [Rialachán Airgeadais].

Airteagal 23

Meastóireacht

1. Déanfar meastóireachtaí go tráthúil mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.
2. Faoin 30 Meán Fómhair 2025, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht eatramhach ar Chlár InvestEU, ar an úsáid a bhaintear as ráthaíocht an Aontais go háirithe.
3. I ndeireadh chur chun feidhme Chlár InvestEU, ach tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear in Airteagal 1, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht deiridh a thabhairt i gcrích ar Chlár InvestEU, ar an úsáid a bhaintear as ráthaíocht an Aontais go háirithe.
4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí chomh maith lena bharúlacha féin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.
5. Rannchuideoidh na comhpháirtithe cur chun feidhme leis an bhfaisnéis is gá, agus cuirfidh siad ar fáil don Choimisiún í, chun na meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 a thabhairt i gcrích.
6. I gcomhréir le [hAirteagal 211(1)] den [Rialachán Airgeadais], cuirfidh an Coimisiún san áireamh gach trí bliana sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in [Airteagal 250] den [Rialachán Airgeadais] athbhreithniú ar leordhóthanacht an ráta soláthair a leagtar síos in Airteagal 4(1) den Rialachán seo i ndáil le próifíl riosca iarbhír na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear le ráthaíocht AE. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an ráta soláthair a leagtar síos in Airteagal 4(1) den Rialachán seo a choigeartú le suas le 15 % ar bhonn an athbhreithnithe sin.

Airteagal 24

Iniúchtaí

Iniúchtaí ar úsáid an chistithe ón Aontas a dhéanfaidh daoine nó eintiteas, lena n-áirítear daoine nó eintitis cé is moite dóibh sin ar thug institiúidí nó comhlachtaí de chuid an Aontais sainordú dóibh, sin é a bheidh mar bhonn leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun [Airteagal 127] de [Rialachán Airgeadais].

Airteagal 25

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach i gClár InvestEU de thoradh cinneadh faoi chomhaontú idirnáisiúnta nó de bhua aon ionstraim dlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú ar dhóigh chuimsitheach. I gcás OLAF, áireofar ar na cearta sin an ceart chun imscrúduithe a dhéanamh, seiceálacha agus iniúchtaí ar an láthair san áireamh, dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

Airteagal 26

Tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Tabharfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(6) in Airteagal 22(2) agus in Airteagal 23(6) don Choimisiún ar feadh tréimhse cúig bliana [ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(6), Airteagal 22(2) agus Airteagal 23(6) a chúlghairm aon tráth. Má dhéantar cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(6), Airteagal 22(2) agus Airteagal 23(6) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

CAIBIDIL VIII

TRÉDHEARCACHT AGUS INFHEICTHEACHT

Airteagal 27

Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht

1. Tabharfaidh na comhpháirtithe cur chun feidhme aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe (go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú) trí fhaisnéis spriocdhírthe atá comhleanúnach éifeachtach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.
2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár InvestEU, agus a bhaineann le gníomhaíochtaí agus torthaí an Chláir. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gClár InvestEU, rannchuideofar le cumarsáid chorpóraideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3.

CAIBIDIL I

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 28

Forálacha idirthréimhseacha

1. Féadfar ioncaim, aisíocaíochtaí agus gnóthuithe ó ionstraimí airgid a bunaíodh faoi na cláir dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid le haghaidh soláthar do ráthaíocht AE faoin Rialachán seo.
2. Féadtar ioncaim, aisíocaíochtaí agus gnóthuithe ó ráthaíocht an Aontais a bhunaítear faoi Rialachán (AE) 2015/1017 a úsáid le haghaidh soláthar do ráthaíocht an Aontais faoin Rialachán seo, mura n-úsáidtear é chun na críocha dá dtagraítear in Airteagal 4, Airteagal 9 agus Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/1017.

Airteagal 29

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i struchtúr ABM/ABB
- 1.3. An cineál togra/tionscnaimh
- 1.4. Cuspóirí
- 1.5. Forais an togra/tionscnaimh
- 1.6. Fad agus tionchar airgeadais
- 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

- 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas
 - 3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*
 - 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*
 - 3.2.3. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*
 - 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*
 - 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann (cnuasach clár)
- 1.3. An cineál togra/tionscnaimh
- 1.4. Forais an togra/tionscnaimh
- 1.5. Fad agus tionchar airgeadais
- 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

- 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas
 - 3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*
 - 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*
 - 3.2.3. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

An Clár InvestEU

Rialachán (AE) 2018/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár InvestEU

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann (*cnuasach clár*)

Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

beart nua

beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart³⁰

síneadh ar bheart atá ann cheana

beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.4.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Le spriocanna fadtéarmacha an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht, iomaíochas agus fás cuimsitheach a bhaint amach, beidh gá infheistíocht mhór a dhéanamh in earnálacha éagsúla amhail i múnlaí nua soghluaisteacha, i bhfuinnimh in-athnuaite, san éifeachtúlacht fuinnimh, i dtaighde agus nuálaíocht, sa digitíú, san oideachas agus scileanna, sa gheilleagar sóisialta agus sa bhonneagar sóisialta, sa gheilleagar ciorclach, sa chaipiteal nádúrtha, sa ghníomhú ar son na haeráide nó i mbunú agus i bhfás gnólachtaí beaga agus meánmhéide. De bharr ráthaíocht bhuiséadach lena dtugtar acmhainneacht seasaimh riosca do chomhpháirtithe cur chun feidhme chun go bhféadfaidh siad an infheistíocht a mhaoiniú maidir leis an Aontas cur le rath CEIS agus ionstraimí airgeadais, beifear in ann leanúint de bheith ag tabhairt tacaíocht infheistíochta go rianúil amhail ó 2021.

1.4.2. *Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an luach breise a bheith mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtacht mhéadaithe nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn “luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE” an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil an Aontais atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann murach sin ag na Ballstáit dá mbeidís ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*):

Cé gur féidir téarnamh ar chóimheasa infheistíochta de réir OTI san Aontas a bhreathnú, ní leor é chun blianta na tearcinfheistíochta a chúiteamh agus riachtanais infheistíochta struchtúracha an Aontais a chumhdach i gcoinne athrú teicneolaíoch agus iomaíochas domhanda, lena n-áirítear an nuálaíocht, scileanna, bonneagar,

³⁰ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

FBManna agus an gá chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thábhachtacha shochoaíocha amhail an inbhuanaitheacht nó aosú an daonra. Ní féidir leis na Ballstáit astu féin na bearnaí infheistíochta sin a líonadh. Is gá tacaíocht leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus ar chásanna infheistíochta fo-optamacha agus an bhearna infheistíochta in earnálacha spriocdhírthe a laghdú ionas go bhféadfar cuspóirí beartais an Aontais a ghnóthú. Má bhaintear úsáid as ráthaíocht bhuiséadach ina bhfuil éifeacht ghíarála agus atá níos cóngaraí don mhargadh, comhlánófar na deontais i mbosca uirlisí bhuiséad an Aontais go héifeachtúil. Foráiltear leis an idirghabháil ar leibhéal an Aontais do bharrainneachtaí scála in úsáid na dtáirgí airgeadais nuálacha trína bheith ina catalaíoch d'infheistíocht phríobháideach san Aontas ar fad agus an úsáid is fearr a bhaint as na hInstitiúidí Eorpacha agus a gcuid saineolais chun na críche sin. Trí bhíthin idirghabháil an Aontais tugtar rochtain ar phunann éagsúlaithe tionscadal san Aontas agus féadfar réitigh mhaoiniúcháin nuálacha a fhorbairt is féidir a mhéadú agus a mhacasamhlú i ngach Ballstát. Dá bhrí sin, tá an éifeacht iolraithe agus an tionchar atá ar an láthair i bhfad níos airde ná mar a d'fhéadfaí a bhaint amach le tionscnamh in aon Bhallstát amháin, go háirithe le haghaidh clár infheistíochta mhórscála.

An luach breise ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex post*)

Ba cheart don tionscnamh an deis a thabhairt do chomhpháirtithe cur chun feidhme oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chur i gcrích i réimsí spriocdhírthe a bhaineann le cuspóirí beartais straitéiseacha an Aontais. Ba cheart éifeacht iolraitheora a ghiniúint trí bhíthin ráthaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh a sholáthar agus trí infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí a mhealladh.

Ba cheart don tionscnamh a bheith ina chuidiú maoiniú a fhorascaileadh do thionscadail ar fiú suas le EUR 650 billiún go deireadh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil. Ba cheart dó sin a bheith ina chuidiú aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus rochtain a thabhairt ar mhaoiniú d'eintitis nach bhfaigheadh maoiniú ar shlí eile i dtéarmaí réasúnacha agus infheistíochtaí foriomlána san Aontas a ardú dá réir sin agus fás agus fostaíocht mar sin.

1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil eile san am a chuaigh thart

Cruthaíodh go raibh CEIS ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí margaidh infheistíochta agus ar chásanna infheistíochta fo-optamacha tar éis na géarchéime eacnamaíche. Mar a leanann bearnaí margaidh infheistíochta, is gá tacaíocht infheistíochta atá níos dírithe ar bheartais chun díriú ar chásanna infheistíochta fo-optamacha sonracha.

Léiríodh sa ráthaíocht bhuiséadach faoi CEIS go raibh sí éifeachtúil an tionchar a bhí ag na hacmhainní buiséadacha teoranta a mhéadú.

Fuarthas go raibh forluí i roinnt réimsí sa tacaíocht ó CEIS agus sna hionstraimí airgeadais a bhainistítear go lárnach mar aon le roinnt ionstraimí airgeadais a bhainistítear go lárnach. Is é is aidhm atá le gach clár infheistíochta de chuid an Aontais amach anseo a lánpháirtiú i gciste aonair ná simpliú, solúbthacht mhéadaithe agus forluí féideartha idir ionstraimí tacaíochta infheistíochta comhionanna de chuid an Aontais Eorpaigh a bhaint.

Tá géarghá le seirbhísí comhairleacha agus le cúnamh teicniúil chun feabhas a chur ar chumas na mBallstát agus na dtionscnóirí tionscadal tionscadail infheistíochta a

thionscnamh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Don tréimhse 2012-2027 beartaítear tionscnaimh chúnaimh theicniúil a bhainistítear go lárnach do thacaíocht tionscadal infheistíochta faoin gclár InvestEU a lánpháirtiú.

1.4.4. *Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Is é atá sa Chiste InvestEU tacaíocht a aisíocfaidh an tAontas Eorpach d'oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta trí acmhainneacht seasaimh riosca a sholáthar trí bhíthin ráthaíocht bhuiséadach a thabhairt do chomhpháirtithe cur chun feidhme i bpríomhréimsí beartais inmheánacha. Dá bhrí sin, tá gach tacaíocht den sórt sin faoin ionstraim aonair chun an gh iaráil a fheabhsú, an soláthar a laghdú, an forluí a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint agus infheictheacht ghníomhú an Aontais a mhéadú. Is féidir úsáid a bhaint as meascáin le maoiniú deontais (maoiniú cumaiscthe), i gcás inarb iomchuí, chun sineirgíochtaí a chruthú e.g. in earnálacha an iompair, an taighde agus na teicneolaíochta digití.

Tabharfaidh an urrann le haghaidh an Bhallstáit an deis do na Ballstáit cistí atá ar fáil faoi chistiú comhtháthaithe a gh iaráil ar shlí tharraingteach shimplithe.

1.5. Fad agus tionchar airgeadais

X tréimhse theoranta

- X i bhfeidhm ón 01/01/2021 go dtí an 31/12/2027
- X Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 do leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó 2021 go 2030 do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun ráthaíocht an Aontais Eorpaigh a sholáthar.

tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe³¹

X Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- X ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

X **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

³¹ Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid:
<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

- X eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (*inter alia*, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha; Banc Chomhairle na hEorpa; An Banc Domhanda);
- X Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta;
- comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;
- X comhlachtaí dlí phoiblí;
- X comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;
- X comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

Roghnóidh an Coimisiún comhpháirtithe cur chun feidhme ar bhonn na gcritéar a leagtar síos sa togra reachtach. Féadfar na nithe go léir nó cuid de na nithe thuas a chumhdach.

Féadfar chuid de chur chun feidhme Mhol Comhairleach InvestEU agus Thairseach InvestEU a chumhdach le bainistíocht dhíreach.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Tuairisceoidh na comhpháirtithe cur chun feidhme chuig an gCoimisiún i gcomhréir leis an [Rialachán Airgeadais] ar bhonn rialta. Maidir le faireachán, cuirfidh siad a rialacha agus a nósanna imeachta i bhfeidhm ar a ndearnadh measúnú i gcomhréir le [Airteagal 154] den [Rialachán Airgeadais] chun na ceanglais a leagtar síos leis a chomhlíonadh.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an bhfeidhmíocht in aghaidh gach ionú beartais.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, na sásraí cur chun feidhme, na módúlachtaí iocaíochta agus an straitéis atá beartaithe

Ní féidir ráthaíocht an Aontais Eorpaigh faoin gCiste InvestEU a chur i bhfeidhm ach i modh bainistíochta indírí trí chomhpháirtithe cur chun feidhme a rannchuidíonn, de ghnáth, an tacaíocht freisin atá le tabhairt do na faighteoirí deiridh. Is iad a bheidh sna comhpháirtithe cur chun feidhme institiúidí airgeadais idirnáisiúnta, baine náisiúnta le haghaidh spreagtha agus insitiúidí agus idirghabhálaithe airgeadais eile ar comhlachtaí de chuid an Aontais iad. Maidir leis na hoibríochtaí a bhaineann leas as an tacaíocht ó ráthaíocht an Aontais Eorpaigh, is oibríochtaí fós iad arna bhformheas ag comhlachtaí rialaithe na gcomhpháirtithe cur chun feidhme nach mór dóibh a ndícheall cuí a dhéanamh agus a gcreat rialaithe a chur i bhfeidhm ar na

hoibríochtaí sin. Soláthróidh na comhpháirtithe cur chun feidhme ráitis airgeadais iniúchta don Choimisiún.

2.2.2. *Faisnéis maidir leis na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

An riosca atá le buiséad an Aontais, tá sé nasctha le ráthaíocht an bhuiséid a sholáthraíonn an tAontas do na comhpháirtithe cur chun feidhme le haghaidh a n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta. Soláthraíonn ráthaíocht an Aontais Eorpaigh ráthaíocht neamh-inchúlghairthe chéadéilimh ar bhonn punainne, de ghnáth, le haghaidh oibríochtaí a chumhdaítear. Tá an luach saothair maidir leis an riosca ó na hoibríochtaí á chomhroinnt idir buiséad an Aontais agus an comhpháirtí cur chun feidhme ar bhonn ar gach sciar dá gcuid maidir leis an riosca.

Is é EUR 38 000 000 000 uasteorainn ráthaíocht an Aontais Eorpaigh.

Ní dhéanfaí an iontráil bhuiséid ("p.m.") lena léirítear ráthaíocht an bhuiséid don chomhpháirtí cur chun feidhme a ghníomhaíochtú ach amháin i gcás gairm éifeachtach ar an ráthaíocht nach féidir a chumhdach go hiomlán leis an soláthar (arna chistiú le ar a laghad EUR 15 200 000 de réir a chéile go dtí deireadh 2030). Tá ráta soláthair de 40% bunaithe ar an taithí a fuarthas ar CEIS agus ar ionstraimí airgeadais san am a chuaigh thart.

Cumhdófar an dliteanas teagmhasach maidir leis an urrann le haghaidh an Bhallstáit le ráthaíocht chomhuaineach ó gach Ballstát lena mbaineann.

Cuirtear na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta i gcomhthéacs an Chiste InvestEU i gcrích de réir rialacha nós imeachta na gcomhpháirtithe cur chun feidhme agus de réir chleachtas fóna na baincéireachta. Tabharfaidh na comhpháirtithe cur chun feidhme roghnaithe agus an Coimisiún comhaontú ráthaíochta i gcrích lena leagtar síos na forálacha agus na nósanna imeachta mionsonraithe a bhaineann le cur chun feidhme an Chiste InvestEU.

Ós é an comhpháirtí cur chun feidhme a sheasann, de ghnáth, cuid den riosca, tá leas an Aontais agus leas an chomhpháirtí ailínithe le chéile dá réir sin, rud a mhaolaíonn an riosca don bhuiséad. Tá institiúidí airgeadais ann freisin a bhfuil rialacha agus nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm acu a rialófar trí mheasúnú an cholúin i gcomhréir leis an [Rialachán Airgeadais].

Cuirfear struchtúr rialachais sonracha i bhfeidhm chun na rioscaí airgeadais ábhartha do na hoibríochtaí (foireann tionscadail) a mheasúnú nó úsáid ráthaíocht an Aontais Eorpaigh (Coiste Infheistíochta) a dheonú.

Gheobhaidh an Coimisiún ráitis airgeadais iniúchta bhliantúla lena gcumhdaítear na hoibríochtaí ó na comhpháirtithe cur chun feidhme.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis (ar an íocaíocht a dhéanamh agus ar dhúnadh an chláir)*

N/B

Tá an tAontas Eorpach ag ráthú oibríochtaí a dhéanfaidh eintitis a gcuirtear cúraimí orthu faoina rialacha agus nósanna imeachta, lena n-áirítear a gcreat rialála

inmheánach. Ní bheadh costais le buiséad an Aontais Eorpaigh ach amháin maidir le ceanglais shonracha arna bhforchur ag an Aontas Eorpach de bhreis ar chreat rialála inmheánach na n-eintiteas, a gcuirtear cúraimí orthu, ar creat é nach féidir a chainníochtú go fóill.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaíse.

Beidh measúnú an cholúin déanta ar na comhpháirtithe cur chun feidhme roghnaithe dá bhforáiltear in [Airteagal 154] den [Rialachán Airgeadais] lena n-áirithítear dlúthcháilíocht na rialuithe inmheánacha agus na gcóras iniúcháireachta seachtrach neamhspleách. Ina theannta sin, ní mór dóibh ceanglais [Theideal X] den [Rialachán Airgeadais] a chomhlíonadh. Ós institiúidí airgeadais iad, beidh creat rialaithe inmheánacha ag na comhpháirtithe cur chun feidhme i bhfeidhm. Ós tacaíocht in-aisíochta í atá sa Chiste InvestEU, beifear ag brath ar a ndícheall cuí a dhéanfaidh na comhpháirtithe cur chun feidhme agus an faireachán agus an rialú a dhéanfaidh siad, mura sainaithnítear aon laigí orthu sin. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 24 den Rialachán atá beartaithe go mbeidh iniúchtaí ar úsáid an chistithe ón Aontas a dhéanfaidh daoine nó eintiteas, lena n-áirítear daoine nó eintitis cé is moite dóibh sin ar thug institiúidí nó comhlachtaí de chuid an Aontais sainordú dóibh, go mbeidh na iniúchtaí sin mar bhonn leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun [Airteagal 127] de [Rialachán Airgeadais].

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid nua atá beartaithe

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
			ó thíortha de chuid CSTE ³³	ó thíortha is iarrthóirí ³⁴	ó thíortha	de réir bhri Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais
1	02.02.01 Ráthaíocht InvestEU	LD	Tá	Tá	Tá	Níl
	02.02.02 Ráthaíocht InvestEU a sholáthar	LD	Tá	Tá	Tá	Níl
	02.02.03 Mol Comhairleach InvestEU agus Tairseach InvestEU agus bearta tionlacain	LD	Tá	Tá	Tá	Níl
	02.01 tacaíocht riaracháin InvestEU	LN	Tá	Tá	Tá	Níl

³² LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

³³ CSTA: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

³⁴ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas³⁵

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil ilbhliantúil:	1	An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus an Clár Oibre Digiteach
----------------------------------------------------------------------	---	------------------------------------------------------------

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Tar éis 2027	IOMLÁN
02.02.01 Ráthaíocht InvestEU	Gealltanais	pm	pm	pm	pm	pm	pm	pm		pm
	Íocaíochtaí									
02.02.02 Ráthaíocht InvestEU a sholáthar	Gealltanais	1 906,742	1 945,387	1 984,325	2 026,571	2 071,143	2 114,056	2 151,776		14 200,000
	Íocaíochtaí	1 402,505	1 574,122	1 673,829	1 805,244	1 921,368	1 994,694	2 040,875	1 787,362	14 200,000
02.02.03 Mol Comhairleach InvestEU, Tairseach InvestEU agus bearta tionlacain ³⁶	Gealltanais	72,658	73,658	76,158	76,158	73,658	73,658	73,158		519,106
	Íocaíochtaí	30,058	58,458	74,658	76,658	76,158	73,658	72,658	56,800	519,106
02.01 tacaíocht riaracháin InvestEU	Gealltanais = Íocaíochtaí	0,842	0,842	0,842	0,842	0,842	0,842	0,842		5,894
IOMLÁN leithreasuithe d'imchlúdach an chlár	Gealltanais	1 980,242	2 019,887	2 061,325	2 103,571	2 145,643	2 188,556	2 225,776		14 725,000
	Íocaíochtaí	1 433,405	1 633,422	1 749,329	1 882,744	1 998,368	2 069,194	2 114,375	1,844.162	14 725,000

³⁵ Mar gheall ar shlánú, féadfaidh sé nach réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

³⁶ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le clár agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil ilbhliantúil:	7	“Caiteachas riaracháin”
----------------------------------------------------------------------	---	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
Acmhainní daonna		3,432	3,432	3,432	3,432	3,432	3,432	3,432		24,024
Caiteachas riaracháin eile		2,150	2,150	2,150	2,150	2,150	2,150	2,150		15,050
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	5,582	5,582	5,582	5,582	5,582	5,582	5,582		39,074

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTEIDEAL den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	1 985,824	2 025,469	2 066,907	2 109,153	2 151,225	2 194,138	2 231,358		14 764,074
	Íocaíochtaí	1 438,987	1 639,004	1 754,911	1 888,326	2 003,950	2 074,776	2 119,957	1 844,162	14 764,074

3.2.2. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
---------	------	------	------	------	------	------	------	--------

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	3,432	3,432	3,432	3,432	3,432	3,432	3,432	24,024
Caiteachas riaracháin eile	1,900	1,900	1,900	1,900	1,900	1,900	1,900	13,300
Fo-iomlán CHEANNTÉIDE AL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	5,332	5,332	5,332	5,332	5,332	5,332	5,332	37,324

Lasmuigh de CHEANNTÉIDE AL 7 ³⁷ den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,842	0,842	0,842	0,842	0,842	0,842	0,842	5,894
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDE AL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN	6,174	6,174	6,174	6,174	6,174	6,174	6,174	43,218
---------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	---------------

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le

³⁷ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indireach, taighde díreach.

haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúirtheacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfeadh an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
•Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)							
Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin	24	24	24	24	24	24	24
Toscaireachtaí							
Taighde							
• Foireann sheachtrach (san Aonad Comhionann Lánaimseartha: FTE) - AC, LA, SNE, INT agus JPD ³⁸							
Ceannteideal 7							
Arna maoiniú as CEANNTÉIDEA L 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	- sa cheanncheathrú						
	- toscaireachtaí						
Arna maoiniú as imchlúdach an chláir ³⁹	- sa cheanncheathrú						
	- toscaireachtaí						
Taighde							
Eile: saineolaithe náisiúnta ó na comhpháirtithe cur chun feidhme agus arna n-íoc ag na comhpháirtithe cur chun feidhme go hiomlán							
IOMLÁN	24	24	24	24	24	24	24

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúirtheacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-implonófar laistigh den Ard-Stiúirtheacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúirtheacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	<p>Bainisteoirí riosca (4) chun measúnú a dhéanamh ar phróifíl riosca phunann oibríochtaí le go ndéanfar faireachán leanúnach uirthi agus le go n-áiríteofar go mbeidh an soláthar ag freagairt do na bunrioscaí.</p> <p>Foireann (20) do rúnaíocht an Chiste InvestEU. Beidh de chúram ar an rúnaíocht</p> <ul style="list-style-type: none"> – na tograí ó na comhpháirtithe cur chun feidhme a fháil; – na tograí a dháileadh lena measúnú chuig an bhfoireann tionscadail agus chuig an gCoiste Infheistíochta; – idirchaidreamh a dhéanamh leis na comhpháirtithe cur chun feidhme; – idirchaidreamh a dhéanamh leis an mBord Comhairleach agus leis an gCoiste Infheistíochta;
-----------------------------------	--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

³⁸ CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmí Sóisearach i dToscaireacht.

³⁹ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

	<ul style="list-style-type: none"> – cruinnithe a ullmhú idir Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin atá páirteach i gcur chun feidhme an Chiste InvestEU agus atá ag comhordú ullmhú na dtreoirlínte infheistíochta go himheánach, ag dearadh táirgí airgeadais agus ábhair chothrománacha eile; – cúnaimh a thabhairt do na bainisteoirí riosca agus iad ag ullmhú chun faireachán a dhéanamh ar an bpróifíl riosca; – dul i mbun ullmhúcháin agus i mbun caibidlíochta faoi na comhaontuithe ráthaíochta le comhpháirtithe cur chun feidhme; – faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme; – tuarascálacha a ullmhú; – Mol Comhairleach an Chláir InvestEU a bhainistiú.
Pearsanra seachtrach	

3.2.3. Ranniocaíochtaí ó thrú páirtithe

Leis an togra/tionscnamh seo:

- ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le thrú páirtithe
- déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le thrú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
Tríú tíortha	pm	pm	pm	pm	pm	pm	pm	pm
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe	pm	pm	pm	pm	pm	pm	pm	pm

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ar acmhainní dílse
 - ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin X

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁴⁰						
	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
6 4 1 (Ranniocaíochtaí ó ionstraimí airgeadais - ioncam sannta)	250,000	100,000	100,000	250,000	100,000	100,000	100,000
IOMLÁN	250,000	100,000	100,000	250,000	100,000	100,000	100,000

⁴⁰ A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

I gcomhréir le hAirteagal 28(1) den togra, sannfar ioncaim, aisíocaíochtaí agus gnóthuithe don líne bhuiséid seo a leanas:

02.02.02 Ráthaíocht an Chiste InvestEU+ a sholáthar 02.02.03

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

Leithdháilfear ioncaim shannta ón gCiste InvestEU chun táillí a chumhdach ar dtús.